



Tuarascáil Bhliantúil



2011

Shármhaitheas

Nuálaíocht

Cruithaitheacht



Coimisiún Forbartha an Iarthair
Teach Diolúin, Bealach an Doirín,
Contae Ros Comáin, Éire.

Guthán: +353 (0) 94 9861441

Facs: +353 (0) 94 9861443

Ríomhphost: info@wdc.ie

Suíomhanna Gréasáin: www.wdc.ie www.LookWest.ie

CLÁR ÁBHAR

Réamhrá an Chathaoirligh	2
Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh	3
Réamhrá	5
Cuid 1: Forbairt Chothromaithe Réigiúnach	9
Cuid 2: Na buntáistí a bhaineann le cónaí, oibriú agus gnó a dhéanamh i Réigiún an Iarthair a chur chun cinn	17
Cuid 3: Forbairt Tuaithe	21
Cuid 4: Ciste Infheistíochta WDC	27
Cuid 5: Seirbhísí Corparáideacha	31
Aguisíní	35
Ráiteas Airgeadais 2011	39
Giorrúcháin	61



RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH

Bliain dhúshlánach eile a bhí i 2011 do Réigiún Iarthar na hÉireann. D'ainneoin dul chun cinn tábhachtach, bhí an réigiún fós ag streachailt chun an chuid eile den Stát a mheaitseáil i réimsí criticiúla cosúil le hioncam, le nuálaíocht agus le rannpháirtíocht lucht saothair.



D'éirigh poist níos lárnaí mar phríomhaidhm na heagraíochta i 2011. Dá thoradh sin, dhírigh WDC a ghníomhaíochtaí ina phlean straitéiseach do 2011-2012 i dtreo chruthú na gcoinníollacha riachtanach chun forás eacnamaíoch agus chun cumas geilleagrach an réigiúin a uasmhéadú. Chuige seo, tharraing WDC ar thorthaí ó staidéir ón OECD a rinneadh le déanaí ina ndeirtear nach bhfuil úsáid iomlán á baint as acmhainneacht foráis in áiteanna ina bhfuil éagothromaíochtaí réigiúnacha dianseasmhacha, mar atá i gcás Réigiún an Iarthair. I 2011, rinneadh iarracht le sraith doiciméid bheartas tacaíocht a chur faoi chur chuige réigiúnach chun cúnamh a thabhairt dúinn féin an geilleagar réigiúnach a fhoráil.

Shainnadh WDC réimsí ina bhfuil acmhainneacht thréan foráis ag Réigiún an Iarthair amach anseo, bunaithe go mór mór ar a chaipiteal daonna, ach lean air chomh maith ag sainnadh laigí struchtúracha criticiúla ina phróifíl gheilleagrach, ina bhonneagar agus ina leibhéil nuálaíochta. Leanann WDC ag maíomh nach mbeidh Réigiún an Iarthair in ann ranníocaíocht iomlán a dhéanamh d'fhorás geilleagrach náisiúnta go dtí go dtéitear i ngleic leis na heasnamh struchtúracha seo.

Chomh maith leis na dúshlán agus deiseanna atá sa réigiún ag an leibhéal is airde a léiriú, lean WDC lena shraith tionscnaimh forbartha réigiúnaí atá ag cur le forás geilleagrach. Agus maoiniú €2.8m ón AE aige, chuaigh an tionscadal RASLRES isteach ina thríú bliain agus beidh sé lárnach i bhforás adhmaid áitiúil mar fhoinsé fuinnimh geilleagrach. Tá ag éirí leis an tionscadal cheana féin a aidhmeanna d'fhorás post agus fiontraíochta. Ina dteannta seo, tá an obair a rinneadh leis na comhpháirtithe réigiúnacha chun láidreachtaí réigiúnach a shainnadh agus a úsáid chun cláir foráis a thionscain sa geilleagar cruthaitheach i 2011. Airímid Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Údarás Áitiúla an Iarthuaisceart mar chomhpháirtithe cláir sna cláir forás post san earnáil chruthaitheach.

Trínár clár oibre LookWest.ie, lean WDC ag tabhairt sárthaispeántais ar bhuntáistí an réigiúin don iliomad daoine aonair a bhfuil suim acu i bhforbairtí, go háirithe ár diaspora idirnáisiúnta sna Stáit Aontaithe agus san RA. Tá an t-uafás cúiseanna bróid ag Réigiún an Iarthair, lena n-áirítear a phobal, a thírdhreach, a chultúr agus a oidhreacht. Thug níos mó ná 1,000,000 cuairteoir cuairt ar an suíomh gréasáin LookWest.ie ó bunaíodh ar dtús é. Úsáideadh é seo mar thúsphointe chun ár bhfócas ar an Diaspora a fhorbairt.

Trí Chiste Infheistíochta an Iarthair (WIF) lean WDC lena n-iarrachtaí chun an bhearna mhaoinithe atá ann go fóill d'fhiontraíthe maidir le rochtain a fháil ar chaipiteal riosca sa réigiún a laghdú. Cuireadh bac suntasach ar ár n-iarrachtaí de bharr laghdú dian inár leithdháileadh caipitil agus mar thoradh ar sin, níor cuireadh aon mhaoiniú ar fáil d'infheistíochtaí nua i 2011. Tá os cionn €38m íoctha amach ag WDC i bhfiontair ó bunaíodh é le 89 fiontar a fhostaíonn os cionn 1,378 duine agus a bhfuil de chumas acu é sin a ardú go 2,500 de réir mar a fhásann agus a leathnaíonn na cuideachtaí seo. Fuarthas €130m eile do na fiontair arna thacú ag WDC de bharr na hinfheistíochta seo ar fiú €38m í.

Tá modh oibre WDC fós bunaithe ar chomhoibriú agus ar chomhpháirtíocht le heagraíochtaí sna hearnálacha poiblí, príobháideacha and pobail ag leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta and idirnáisiúnta. Táim fórbhuíoch de na heagraíochtaí agus de na daoine uile a chomhoibrigh linn leis na blianta siar agus go háirithe le linn 2011, agus ba mhian liom aitheantas cuí a thabhairt dóibh.

Helen Rochford Brennan
Cathaoirleach

TUARASCÁIL AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH



I 2011, chuaigh WDC faoi athrú suntasach i dtéarmaí an mhodha lena ndeachaigh sé i ngleic lena sainchúram forás a chaomhnú agus a chur chun cinn sna seacht gcontae in ár Réigiún Iartharach agus i dteannta sin i dtionchar na dtionscnamh sin.

Thar aon bhliain eile, i 2011 chuaigh WDC i gcomhairle agus d'fhreagair sé ar riachtanais an réigiúin agus d'athchruthaigh sé béim a mhéine fíis roinnte a achtaigh chun *"áit níos fearr chun maireachtáil, obair agus gnó a dhéanamh inti"*. a chruthú sa réigiún. Tugadh faisnéis ar seo trí dhul i gcomhair ar dhearadh agus ar fhorbairt fiontair agus clár cruthú post i roinnt príomh-earnála foráis sa réigiún. Áirítear leo bithfhuinneamh In-athnuaite agus earnála na tionsclaíochta cruthaithí, inar d'oibrigh WDC i 2011 le struchtúir ardoideachais agus údaráis áitiúil an réigiúin chun dhíriú ar mhaoiniú agus maoiniú a aimsiú chun fostaíocht agus poitéinseal forás gnó a mhéadú inár bailte agus inár sráidbhailte.

San Iarthuaisceart, ag obair i gcomhpháirt le grúpa Údarás Áitiúil agus faoi cheannaireacht Chomhairle Chontae Shligigh, aimsíodh maoiniú le haghaidh tionscnamh úrnua chun gnólachtaí cruthaitheacha áitiúla a chumasaigh chun obair laistigh de tionscail lársrutha chun táirgí margaidh, agus sa dheireadh poist nua, a d'fhéadfadh a bheith níos fearr a fhás. Tá an scéim dearbhán buanna cruthaitheacha seo uathúil sa tír agus taispeántar leis ár comhthiomantas chun athrú a chur i bhfeidhm sa réigiún.

Mar an gcéanna i 2011, bhí WDC chun tosaigh ag aimsiú maoinithe a chuirfeadh ar chumas gnólachtaí réigiúnacha cruthaitheacha atá ann cheana féin rochtain gan bhac a fháil ar mhargaidh dhomhanda lena n-earraí agus seirbhísí, riachtanas a d'aithin WDC agus é ag caint le gnóthaí sna blianta roimhe seo. Tá Ollscoil na Éireann, Gaillimh réidh anois chun cabhrú linn an sprioc chomhchoiteann seo poist a fhás san earnáil an-dúchasach seo.

Bhí tionchar ag ár n-iarrachtaí forás post i 2011 agus i dteannta sin, bhí torthaí lenár n-iarrachtaí i réimse an Bhithfhuinnimh, trínár clár forbartha maoinithe eiseamláireach RASLRES. Bhí ráth againn, mar shampla, scéim téimh áitiúil a choimisiúnaíodh i mBaile Átha an Rí, d'éirigh le tionscadail bhithmhaise mhóra sa phróiseas pleanála, chuaigh comhlachtaí poiblí i ngleic den athuair leis an earnáil ag tabhairt faoi iniúchtaí ar láithreán, agus é seo go léir le tacaíocht agus spreagadh de céimeanna éagsúla ó chlár foráis RASLRES WDC.


Chomh maith leis an tionscnaimh seo, i 2011 rinneamar ár mbeartas agus anailís a dhíriú chun tacú leis an sainchúram athruithe réigiúnach riachtanach sa fhiontraíocht agus sa fhostaíocht, d'fhoilsíomar ailt ar conas is féidir costais iarbhrí a shábháil le síneadh an ghréasán GAS go dtí codanna an réigiúin, rinneamar athbhreithniú chomh maith ar na naisc chriticiúla ina bhfuil fiontraíocht, fostaíocht agus oideachas nasctha. Feidhmíonn sé seo go léir mar bhuntacaíocht ar machnamh ar conas a cabhraimid linn féin.

Ag dul i ngleic leis an riachtanas ar chaipiteal riosca réigiúnach, taispeánadh dúinn i 2011 gurbh é an toradh a bhí ar infheistíocht chiallmhar thar na blianta ná go raibh sé de chumas an-chuid dár cuideachta cistí dul chun cinn a dhéanamh sna laethanta deacra seo, agus, i roinnt cásanna, ba é toradh an rath a bhí acu ná go bhfuair siad bealach amach ón margadh. Ó leithdháileadh státhchiste de €31.7m idir 2000 agus 2010, tá 1,378 post á gcoinneáil faoi láthair, agus cánacha párolla thar 2010 agus 2011 amháin ar mhéad €22.8 as bille pá €70m.


Mar sin, bliain dhúshlánach go mór a bhí i 2011, ar leibhéal geilleagrach agus sochaíoch araon, ach chuaigh WDC i dtaithe agus d'athmhunlaigh sé chun obair níos déine leis an geallsealbhóirí réigiúnacha agus náisiúnta chun athrú ar an réigiún a chur i bhfeidhm le chéile trí fhorás post agus gnó. Tá éabhlóid tagtha orainn le himeacht ama chun difríocht iarbhrí a dhéanamh.

Is mian liom an deis seo a thapaigh chun buíochas a ghabháil leis an bhfoireann, leis an mBord, agus le chomhpháirtithe a chuidigh linn an-chuid a bhaint amach i mbliana dhúshlánach.

Ian Brannigan
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
(gníomhach)



RÉAMHRÁ



RÉAMHRÁ



Baill an WDC

Ár bhFís

Bheith ina mhol d'fhorás straitéiseach geilleagrach agus sóisialta Réigiún an Iarthair

Ár Misean

Cuirfidh WDC le poitéinseal iomlán Réigiún an Iarthair a uasmhéadú d'fhonn ardaidhmeanna geilleagracha, sóisialta agus cultúrtha shaoránaigh Réigiún an Iarthair a chur i bhfeidhm.

Feidhmeanna WDC

Is é príomhfheidhm WDC forbairt gheilleagrach agus shóisialta Réigiún an Iarthair a chur chun cinn. Dírítear go háirithe ar earnálacha táirgeachta, ar bhonneagar agus ar phobail thuaithe an réigiúin. Oibríonn WDC le cinntiú go dtugtar suntas i gcónaí do leasanna Réigiún an Iarthair ag na leibhéil is airde den Rialtas.

Tá WDC freagrach as bainistiú agus as riarachán Chiste Infheistíochta WDC. Tugann an ciste tiomanta seo aghaidh ar an mbearna mhaoinithe atá le sárú ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (SMEanna) agus fiontair shóisialta sa réigiún trí chaipiteal riosca, cothromas agus iasachtaí a sholáthar ar bhonn tráchtála.




Struchtúr WDC

Tá 12 comhaltaí ar WDC a cheap an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, an tUasal Pat Carey T.D., (feic Aguisín do bhallraíocht 2011).

Faigheann WDC tacaíocht ó fheidhmeannach tiomanta atá lonnaithe in dTeach Diolúin, Bealach an Doirín, Contae Ros Comáin. Tá foireann lárnach buan de 14 ann, le saineolas in anailís bheartas, forbairt réigiúnach agus tuaithe, infheistíocht agus riarachán.

Sa mhullach air sin, faighimid tacaíocht ó phainéil chomhairleacha agus ionadaithe ó na hearnálacha poiblí, príobháideacha agus deonacha le cuidiú linn lenár gcuid tionscadail éagsúla.

Struchtúr na hEagraíochta




Aidhmeanna Straitéiseacha WDC 2010-2012

- Tionchar a bheith aige ar fhorbairt bheartas ar fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta i Réigiún an Iarthair trí anailís ardchaighdeán.
- Na buntáistí a bhaineann le cónaí, oibríú agus gnó a dhéanamh i Réigiún an Iarthair a chur chun cinn.
- Forbairt ar gheilleagar tuaithe a spreagadh bunaithe ar fhorbairt inbhuanaithe láidreachtaí agus acmhainní Réigiún an Iarthair.
- Caipiteal riosca a sholáthar do SMEanna agus d'fhiontair shóisialta agus iad ag tosú amach nó ag fairsingiú trí Chiste Infheistíochta WDC (WIF)
- WDC a fheidhmiú mar eagraíocht inniúil éifeachtach



CUID I:



FORBAIRT CHOTHROMAITHE RÉIGIÚNACH

FORBAIRT CHOTHROMAITHE RÉIGIÚNACH

Tionchar bheith aige ar cheapadh beartas ar fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta i Réigiún an Iarthair trí anailís ardchaighdeán.

Sraith Coimre Bheartas WDC

I 2010 chuir WDC tús lena Sraith Coimre Bheartas chun príomhcheisteanna beartas réigiúnach a léiriú agus plé agus anailís a dhéanamh orthu i bhformad inrochtana, áisiúil don úsáideoir. Leanadh ar aghaidh leis an

tsraith le linn 2011, bliain inar foilsíodh trí Choimre Bheartas eile (tá siad go léir ar fáil chun íoslódáil ar www.wdc.ie/publications/reports-and-papers/reports-2011/).

Rochtain Air agus Réigiún an Iarthair: Peirspictíocht Réigiúnach

Foilsíodh an tríú Coimre Bheartas i Feabhra, *Rochtain Air agus Réigiún an Iarthair: Foilsíodh Peirspictíocht Réigiúnach* Scríobhadh é seo tar éis Athbhreithniú na Ranna Iompair ar aerfoirt réigiúnacha agus breithniúchán ar chiorruithe i maoiniú aerfort réigiúnach. Rinneadh imscrúdú sa Choimre Bheartas ar ról aerfort réigiúnach i Réigiún an Iarthair ag tacú le forbairt réigiúnach gheilleagrach agus shóisialach.

Taispeánadh sa Choimre gur phointí tábhachtacha i gcomhair rochtain idirnáisiúnta iad aerfoirt réigiúnacha, lasmuigh d'úinéireacht an Stáit, a dhéanann freastal ar éileamh áitiúil agus réigiúnach agus nár cheart go gcuirtear síos ar a ról ach amháin i dtéarmaí tacú le naisc isteach agus amach ó aerfoirt an Stáit. Tá aerfoirt réigiúnacha an-tábhachtach chun tacaíocht a thabhairt d'fhorás turasóireachta, earnáil fostaíochta an-tábhachtach i Réigiún an Iarthair.



Cé go bhfuil dul chun cinn tagtha ar naisc iompair de mhuir is de tír, d'fhéadfadh infheistearí iasachta agus turasóirí breathnú ar mhórán codanna de Réigiún an Iarthair mar áiteanna iargúlta i gcomparáid le codanna eile den tír. Déantar conclúid sa choimre go bhfuil naisc iompair d'ardchaighdeán lena tugtar de chumas gluaiseacht earraí, daoine agus seirbhísí níos éifeachtúla atá riachtanach chun tacú le forás geilleagrach an réigiúin agus go bhfuil gá le tacaíocht do rochtain air dhíreach isteach sa réigiún chun cabhrú leis an réigiún dul i gcomórtas go héifeachtach.

Oideachas, Fiontar & Fostaíocht: Conas is féidir le comhthathú níos fearr na 3Eanna forás i Réigiún an Iarthair a spreagadh?

Tá oideachas, fiontraíocht agus fostaíocht (3Eanna) go léir bunúsach d'fhorás geilleagrach réigiúnach agus náisiúnta agus tá dlúthbhaint acu le chéile. Chun fostaíocht a chruthú, is gá dúinn forás agus leathnú a dhéanamh ar fhiontair. Chun tacú le sin, ní mór go gcuirfear na scileanna atá ag teastáil ag na fiontair seo ar fáil trí oideachas agus trí thraenáil, chomh maith le comhoibriú leo chun a leibhéil nuálaíochta a fheabhsú. Éascaíonn forbairt scileanna atá ag teastáil ag fiontair, go háirithe in earnála forbartha réigiúnacha, do chuardaitheoirí poist fostaíocht a fháil nó a ghnólachtaí féin a bhunú.

I mí Iúil, d'fhoilsigh WDC *Oideachas, Fiontraíocht agus Fostaíocht: Conas is féidir le comhthathú níos fearr na 3Eanna forás i Réigiún an Iarthair a chur chun cinn?* ina ndéantar anailís ar na hidirghníomhartha seo i Réigiún an Iarthair. Chuaigh WDC i gcomhairle le geallsealbhóirí ar fud an réigiúin agus bhunaigh sé Sainghrúpa Comhairleach chun léargas agus treoir a thabhairt le linn ullmhúchán na Coimre. Sa Choimre, déanann WDC roinnt tograí chun naisc idir na 3Eanna a fheabhsú trí:



- Na riachtanais réigiúnacha gearrthéarma agus fadtéarma a aithint agus a fhreagairt
- Caidreamh idir ardoideachas agus fiontraíocht a fhorbairt
- Dul i ngleic le saincheistanna sainiúla cuardaitheoirí poist i lárionaid níos lú agus i gceantair thuaithe
- Ag éascú rochtain ar thacaíocht d'fiontraíocht
- Ag spreagadh cruthú post

Tar éis dó an choimre a fhoilsiú, chuaigh WDC i gcomhairle le lucht déanta beartas agus le hionadaithe poiblí ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil chun imlíne a dhéanamh ar na tograí seo.

Cén fáth a n-infheisteofaí i ngás? Tairbhí bonneagar gáis nádúrtha don Iarthuaisceart

Níl bonneagar gáis nádúrtha ar bith ag codanna móra den Iarthuaisceart. Gearrtar táillí níos airde ar thionscail agus ar ghnólachtaí i gceantair nach bhfuil gás nádúrtha iontu, agus tá roghanna níos lú de bhreosla agus astuithe carbóin níos airde acu. Ina dteannta sin, íocann síos níos mó i dtáillí carbóin. D'fhéadfadh easpa bonneagar gáis a bheith ina bhac ar infheistíocht i ngnólachtaí agus cumas iomaíochta réigiún a laghdú.

Coimre Bheartas WDC *Cén fáth infheistigh i ngás? Dirítear i dTairbhí bonneagar gáis nádúrtha don Iarthuaisceart* ar an Iarthuaisceart agus go háirithe ar an gá do bhonneagar gáis nádúrtha in aon bhaile dhéag i contae Dhún na nGall, contae Shligeach, contae Liatroim agus contae Ros Comáin. Déantar meastachán ar thairbhí geilleagracha agus eile a bhaineann le hinfheistíocht i mbonneagar gáis nádúrtha sa Choimre.

Bheadh tairbhí geilleagracha réigiúnacha agus náisiúnta fiúntacha ag infheistíocht i ngás nádúrtha. Tá meastachán déanta ag WDC go bhfuil úsáideoirí tráchtála sna 11 bhaile ag caitheamh níos mó ná €16.2m



ar bhreosla gach bliain ná an méid a chaithfidís dá mbeadh rochtain ar ghás nádúrtha acu. Meastar go shábháilfadh úsáideoirí teaghlaigh nua sna 11 baile san Iarthuaisceart, €4.4m dá mbeadh rochtain acu ar ghás nádúrtha.

Tá úsáideoirí fuinnimh san Iarthuaisceart ag íoc táillí carbóin níos airde (beagnach €450,000 a mheasann WDC) ná dá mbeadh gás nádúrtha acu. Dá mbeadh ceangal ag úsáideoirí san Iarthuaisceart ar ghás nádúrtha d'fhéadfadh 60,871 tona CO₂ a shábháil gach bliain (le luach €913,062 dá mbeadh costas €15 an tona ar charbón).

Tá gá le gealltanas ón rialtas infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar gáis nádúrtha san Iarthuaisceart, nuair atá ciste ar fáil, agus imscrúdú bonn láithreach ar roghanna maoinithe malartacha le cinntiú go bhféadfadh a leithéid


d'infheistíocht a dhéanamh chomh luath agus is féidir. Creideann WDC go mbeadh tairbhí réigiúnacha agus náisiúnta leis seo mar a tharla i dtíortha eile ina ndearna infheistíocht i gceantair iargúlta.

Anailís Shocheacnamaíoch

Daonáireamh 2011: Réamhthorthaí

Eisíodh Réamhthorthaí Daonáirimh 2011 i Meitheamh 2011. Rinne WDC anailís ar na torthaí seo in *Forbhreathnú de Dhaonáireamh 2011 Réamhthorthaí do Réigiún an Iarthair*.¹ Agus scála na hathruithe geilleagrach, sóisialta agus déimeagrafacha atá tite amach ó 2006 á chur san áireamh, beidh anailís ar Dhaonáireamh 2011 bunúsach do phleanáil thodhchaí an réigiúin. Seo a leanas tá cuid de na torthaí:

Athrú céatadán
i ndaonra na
Toghranna
(EDanna) in
Réigiún an Iarthair,
2006-2011



Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2011: Réamhthorthaí ó Fhaireachlann Taighde Uile-oileánda, Modúl Mapála Coimisiún Forbartha an Iarthair http://www.airo.ie/mapping-module/atlas/Western_Development_Commission/view

- Is é daonra Réigiún an Iarthair i 2011 ná 819,851. Tá sé seo 7.5% níos airde ná i 2006; forás beagán níos lú ná an meán náisiúnta.
- Méadaíodh an bhearna i bhfás an daonra idir an réigiún agus an chuid eile den stát le linn an thréimhse 2006-2011, ag taispeáint go bhféadfadh go bhfuil tionchar níos troime ag an gcúlú eacnamaíochta ar dhaonra an réigiúin.
- Bhí ról níos suntasaí ag líon na n-imirceach (an difir idir líon na ndaoine ag teacht isteach ag maireachtáil sa réigiún agus líon na ndaoine ag fágáil) i bhfás iomlán dhaonra Réigiún an Iarthair (45% den mhéadú iomlán) ná mar a bhí aige sa chuid eile den stát (35% den iomlán) idir 2006 agus 2011.
- Is iad Liatroim, Ros Comáin, agus Dún na nGall a bhfuil na meán-rátaí imirce bliantúil is airde acu.
- Tá an-chuid de na toghranna inar taispeánadh na méadaithe daonra is mó ar imill nó laistigh d'achar comaitéireachta de na lárionaid uirbeacha móra. Tháinig meath ar líon an daonra in an-chuid láithreacha lárionaid uirbeacha agus ceantair thuaithe níos iargúlta.
- Tháinig méadú ar stoc tithíochta an réigiúin níos mó ná sa chuid eile den stát (15.5% i gcomparáid le 13.3%) agus tá líon na dtithe folmha sa réigiún i bhfad níos airde (22.8% i gcomparáid le 12.6%).

¹ The report can be downloaded at www.wdc.ie/publications/reports-and-papers/reports-2011/

Próifíl ar Oideachas, Fiontraíocht agus Fostaíocht (3Eanna) i Réigiún an Iarthair 2011

I Meán Fómhair, d'fhoilsigh WDC próifíl staitistiúil nuashonraithe ar shonraí oideachais, fiontraíochta agus fostaíochta i Réigiún an Iarthair. Is acmhainn eolais í an phróifíl seo do lucht déanta beartas, soláthraithe oideachais agus traenála, gníomhaireachtaí fiontair agus ionadaithe poiblí. Taispeánadh sa phróifíl:

- Cé go bhfuil próifíl oideachas níos laige san iomlán fós ag an réigiún, tá bearna níos bige ann. Is dóigh go leanfar air sin toisc go bhfuil forás níos mó tagtha ar rannpháirtíocht san oideachas sa réigiún ná san chuid eile den stát.
- Tá éagsúlacht meascán fiontair níos lú sa réigiún agus riar ard gnólachtaí ag obair i dtógáil, i mórdhíol agus i miondíol, agus i gcóiríocht agus i seirbhís bia. Bhí sé seo páirteach i gcailliúint fiontair níos mó (2007-2009), cé gur fhás líon na gcuideachtaí páirteach i seirbhísí dlútheolais sa réigiún.
- Ba iad na fostóirí is mó sa réigiún i 2011 ná tionsclaíocht, mórdhíol agus miondíol, agus sláinte dhaonna agus obair shóisialta. Tá fostaíocht sa réigiún fós ag braith níos mó ar sheirbhísí áitiúla agus poiblí agus ar na hearnála traidisiúnta, ach tá borradh ar fhostaíocht i seirbhísí dlútheolais agus i ndéantúsaíocht ardteicneolaíochta le blianta beaga anuas.
- I 2011 bhí 54,900 duine dífhostaithe i Réigiún an Iarthair agus bhí an ráta dífhostaíochta 14.5% níos airde ná sa chuid eile den tír (14.0%).

Aighneachtaí agus Sainchomhairliúcháin

Ba pháirt mhór de gníomhaíochta WDC i 2011 ná ionchur i bhfoirmliú beartas ar shaincheisteanna a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar fhorbairt geilleagrach agus shóisialta Réigiún an Iarthair. Le linn 2011, rinne WDC aighneachtaí ar na sainchomhairliúcháin seo a leanas:

- Plean Forbairt Tarchuir EirGrid 2010
- Creatlach Straitéis Spáis um Chomhoibriú
- Clár Infheistíocht Chaipitil 2012-2016
- Daonáireamh 2016
- Athbhreithniú ar Threoirlínte an Aontais Eorpaigh ar Mhaoiniú Aerfort agus Cúnamh Nuathionscanta d'Aerlínte ag imeacht as Aerfoirt Réigiúnacha
- Ailíniú Feidhmeanna agus Cláir Rialtais Áitiúil agus Forbartha Áitiúla.





Bonneagar

Bonneagar Iompair

Aer

Is nasc iompair ríthábhachtach í an rochtain aeir do gheilleagar oileánach chun tacú le forás geilleagrach agus chun turasóireacht a spreagadh. Tá gá ag réigiún atá iomaíoch ar bhonn domhanda ar nascacht dhomhanda agus cuireann easpa rochtana mar seo bac ar fhorbairt gheilleagrach. Tá sé tábhachtach go bhfuil Réigiún an Iarthair nasctha go maith le margatá idirnáisiúnta. Tá na trí aerfort is mó sa tír lonnaithe san oirthear, sa deisceart agus sa mheán-iarthar. Chun cothromaíocht spáis níos fearr a áirithiú tá sé tábhachtach a áirithigh go bhfuil tacaíocht ag aerfoirt laistigh den réigiún ionas go bhféadfadh siad an tseirbhís is fearr a chur ar fáil do na hionaid réigiúnach a ndéanann siad freastail orthu.

Agus aitheantas a thabhairt ar thábhacht seirbhísí aeir idirnáisiúnta don réigiún, ghair WDC ar chruinniú ionadaithe na n-aerfort go léir i Réigiún an Iarthair do cheardlann inar tugadh comhairle ar Threoirlínte Chomhphobail an AE ar Chúnamh Nuathionscanta ag imeacht as Aerfoirt

Réigiúnacha. I gcúinsí teoranta ceadáíonn an AE cúnamh Stáit le tacú le forbairt bealaigh ó aerfoirt réigiúnacha agus déantar cur síos sa cheardlann seo ar an gcaoi a oibríonn an scéim i gcleachtas.

Ina dteanna sin, d'fháiltigh WDC roimh an bhfógra go bhfuil Ryanair ag cur tús le ceithre eitilt nua idirnáisiúnta ó Aerfort Iarthar na hÉireann, Cnoc Mhuire. Cuirfear tús leis na sceidil nua idir Aerfort Iarthar na hÉireann, Cnoc Mhuire agus Barcelona, Frankfurt, Milano agus Páras san Earrach 2012, agus beidh 14 bhealach Ryanair nua san iomlán ó Iarthar na hÉireann de thoradh orthu. San iomlán, táthar ag tnúth go seachadfar níos mó ná 500,000 paisinéir leis na heitiltí, a choinneoidh níos mó ná 500 post in Aerfort Iarthar na hÉireann, Cnoc Mhuire sa samhradh seo chugainn, agus a neartóidh turasóireacht agus gnó ginearálta ar fud Réigiún an Iarthair ar fad.



Bóithre

Toisc nach bhfuil aon mhótarbhealach agus líon an-lú débhealach i Réigiún an Iarthair ó thuaidh ó chathair na Gaillimhe, cuirfidh críoch na mbealach idir-uirbeacha nua i réigiúin eile bailte agus fiontair i Réigiún an Iarthair faoi mhíbhuntáiste iomaíoch. Le linn 2011, choinnigh WDC orthu ag leagan béime ar chomh tábhachtach agus atá bonneagar bóithre náisiúnta agus ag déanamh monatóireachta ar dhul chun cinn ar infheistíocht bóithre.

In aighneacht a rinne WDC ar *Tosaíochtaí Infheistíocht Chaipitil 2012-2016* leagamar amach ár dtosaíochtaí bonneagar bóithre náisiúnta don réigiún mar seo:

- Tús a chur le tógáil ar an mótarbhealach M17/M18 idir An Gort-Tuaim chomh luath agus is féidir.
- Rannáin N17/N15 den Bóthar Chonair an Atlantaigh i bpleanáil ó thuaidh ó Thuaim.
- Uasghrádú N4, go sonrach rannáin idir Cora Droma Rúisc-Dromad agus idir Cluain na Maithín- Beal Átha na gCarraigíní.
- Uasghrádú N5, go sonrach rannáin idir Scramóg-Bealach an Doirín, seachbhóthar Bhealach an Doirín, idir Both Chomhla-Cathair na Mart agus idir Both Chomhla-Béal an Átha.
- Uasghrádú A5 go caighdeán débhealaigh agus ag áirithint go leanann an débhealach ar aghaidh ó Dhoire go Leitir Ceanainn.

Dúradh i mBonneagar agus Infheistíocht Chaipitil 2012-16 Creatlach Infheistíocht Stáchtiste Meántéarmach nuair a foilsíodh é go mbeadh an mótarbhealach idir An Gort-Tuaim, an Seachbhóthar N5 ar Bhealach an Doirín, agus an Seachbhóthar Forimeallach ar Chathair na Gaillimhe ag dul ar aghaidh roimh 2016.

Bonneagar Fuinnimh

Le deich mbliana anuas, d'oibrigh WDC chun an tábhacht a bhaineann le forbairt bhonneagar fuinnimh a léiriú agus tá anailís déanta acu ar shaincheisteanna beartas agus rialála a bhaineann le bonneagar leictreachais agus gáis nádúrtha araon. Aibhsíonn WDC chomh maith an poitéinseal atá ann d'fhorbairt fuinnimh in-athnuaite i Réigiún an Iarthair.

Leictreachas

Dar le WDC, tá cur ar fáil gréasáin agus soláthair leictreachais ardchaighdeán tábhachtach den bhonneagar riachtanach chun buntacú le forbairt gheilleagrach an Réigiúin. Is réimsí iad forbairt chórais um ghiniúint leictreachais, agus giniúint in-athnuaite go háirithe, a bhfuil poitéinseal geilleagrach an-suntasach acu i gcomhar an Réigiúin. Dá bhrí sin, déanann WDC monatóireacht ar fhorbairtí agus ar bheartais ábhartha don earnáil leictreachais agus don

earnáil níos leithne fuinnimh agus nochtann siad tuairimí fúthu. Leanann WDC bheith ag cur le sainchomhairliúcháin nuair is cuí, tacaíonn siad le forbairt bhonneagar leictreachais agus léiríonn siad tairbhí na hinfheistíochta bonneagair seo do dhaoine sa réigiún.

I 2011, rinne WDC aighneacht go hEirgrid mar fhreagra ar chomhairliúcháin ar an Dréachtphean Forbairt Tarchuir 2010. Rinneadh imlínte sa Dréachtphean ar infheistíochtaí a bhí le déanamh sa ghréasán tarchuir go dtí 2015.

Gás Nádúrtha

Léirigh WDC Coimre Bheartas *Cén fáth infheistigh i ngás? Tairbhí do bhonneagar gás nádúrtha don Iarthuaisceart* a dhírigh ar an ngá d'infheistíocht

i mbonneagar gáis nádúrtha san Iarthuaisceart. Déantar plé níos míne air thuas.




Teileachumarsáid

Choinnigh WDC orthu ag leagan béime ar a thábhachtaí atá bonneagar leathanbhanda do ghnólachtaí agus do bhailte sa Réigiún agus ar an ngá le cinntiú go mbíonn rochtain ag ceantair thuaithe ar sheirbhís ardchaighdeán. D'fháiltigh WDC roimh ghealltanais rialtais ar sholáthair uilíoch leathanbhanda agus roimh fhógairt na Scéime Leathanbhanda Tuaithe lena ngealltar seirbhís leathanbhanda dóibh siúd nach bhféadfadh rochtain a fháil uirthi go dtí seo.

Tá cuideachtaí nach bhfuil rochtain leathanbhanda acu faoi mhíbhuntáiste iomaíoch. Aithnítear leis an scéim seo tábhacht an leathanbhanda i ngach cod den tír agus an ról atá aige a chur de chumas ag fiontair thuaithe poist a fhorbairt agus a chruthú. Tá rochtain dhíreach ag gnólachtaí i gceantair iargúlta ar mhargaidh idirnáisiúnta chomh luath is atá an leathanbhanda acu. D'fháiltigh WDC roimh ghealltanais an Rialtais don Chéad Ghlúin eile do Leathanbhanda agus an rún atá acu fáil ar leathanbhanda ardluas a luathaigh.



CUID 2:



NA BUNTÁISTÍ A BHAINNEANN
LE CÓNAÍ, OIBRIÚ AGUS GNÓ
A DHÉANAMH I RÉIGIÚN AN
IARTHAIR A CHUR CHUN CINN

NA BUNTÁISTÍ A BHAINNEANN LE CÓNAÍ, OIBRIÚ AGUS GNÓ A DHÉANAMH I RÉIGIÚN AN IARTHAIR A CHUR CHUN CINN



LookWest.ie an treoir is fearr ar líne maidir le cónaí, oibriú agus gnó a dhéanamh i Réigiún an Iarthair in Éirinn

Sheol WDC LookWest.ie i 2004 chun faisnéis a chur ar fáil do dhaoine taobh amuigh de Réigiún an Iarthair a bhí ag smaoineamh ar bhogadh chuig an Iarthar le cónaí ann nó chun fostaíocht a fháil ann nó chun gnólacht a bhunú ann. Cuireann sé faisnéis ar fáil faoi réimse ábhar idir aonaid ghoir le haghaidh gnó nua, acmhainn cuardach poist agus réadmhaoine sonrach don réigiún agus ár gclár scileanna inar féidir le daoine a gcuid scileanna agus taithí a chur i dtiafead chun

próifíl de na buanna, de na cáilíochtaí agus den taithí ar a bhfuil fáil san Iarthar a chruthú. Uirlis thábhachtach is ea an phróifíl seo de bhuanna agus de thaithí maidir le hinfheistíocht isteach a mhealladh chun an Réigiúin. Is é is tábhachtaí, nuair a bhímid thíos le sriantacht gheilleagrach, leanúint ar aghaidh agus tairbhí, nuálaíocht agus cruthaitheacht Réigiún Iarthar na hÉireann a chur in iúl ionas go mbíonn sé ar chumas an Réigiúin teacht i dtír ar théarnamh geilleagrach.

Éachtaí Suntasacha i 2011

Tionscnamh diaspóra **LookWest.ie** :

Le linn 2011, lean **LookWest.ie** ar chothú caidrimh leis an diaspóra Éireannach agus é mar sprioc aige infheistíocht isteach i Réigiún an Iarthair a mhéadú. Láidriú WDC naisc leis an bpobal easaoránach agus na gnólachtaí agus tionscadail nuálacha atá i mbun feidhme i Réigiún an Iarthair. Leantar ar aghaidh ag forbairt caidrimh le hAmbasáid na hÉireann agus le hoifigí Consalachta, agus le gnólachtaí agus le gréasáin shóisialta thar lear.

Chuige seo, thionscain **LookWest.ie** dul chun cinn le húdaráis áitiúla an Réigiúin chun Gréasáin Ghnó Réigiún an Iarthair a chur ar bun chun forbairt ghnólachtaí sa Réigiún a éascú. Beidh sé mar phríomhchuspóir an Ghréasáin naisc thráchtála chómhálartacha a chur chun cinn agus a fhorbairt idir gnólachtaí ag feidhmiú i Réigiún an Iarthair agus gnólachtaí thar lear atá i seilbh agus/nó á mbainistiú ag muintir an Réigiúin. Seolfaidh An Taoiseach Éanna Ó Coinnigh TD an Gréasán ar an 12 Eanáir 2012 in Ambasáid Éireann, Londain agus beidh a Shoilse Bobby McDonagh, Ambasadóir na hÉireann ar An Ríocht Aontaithe ina óstóir.

Reáchtáladh an chéad Siompóisiam Dlí S.A.M./na hÉireann i gCathair na Mart, Contae Mhaigh Eo ón 11-13 Bealtaine 2011. Bhí an Siompóisiam idirnáisiúnta ailínithe go láidir le ról WDC i dtiomáint an gheilleagair réigiúnaigh agus bhí Cumann Féineachais Philideilfia ('Brehon Law Society of Philadelphia') ina n-óstaigh le tacaíocht ó WDC, i gcomhar le Comhairle Contae Mhaigh Eo, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Scoil Dlí Beasley in Ollscoil Temple i bhFilideilfia ('Temple University Beasley School of Law').

Bhí an-rath ar an ócáid de réir na gcainteoirí agus iad siúd a bhí páirteach agus leanfar air leis an dara siompóisiam i bhFilideilfia i 2012. Bhí 3 lá de rannpháirtíocht dlí agus tráchtála idir lucht cleachtais ar an dá thaobh den Atlantach sa siompóisiam, agus rinne aibhsiú ar na deiseanna do ghníomhaíocht tráchtála méadaithe idir an dá thír. Ag comhoibriú le Comhairle Contae Mhaigh Eo bhí WDC lárnach i réachtáil agus i riarachán na hócáide agus thug An Taoiseach aitheantas dóibh ag Mórdhinnéar na hócáide. Cuireadh

deis iontach ar fáil leis an siompóisiam Réigiún an Iarthair a chur chun cinn mar áit le cónaí inti, le hoibriú inti agus le gnó a dhéanamh inti do lucht féachana Náisiúnta agus Idirnáisiúnta araon de réir chuspóirí an fheachtais **LookWest.ie**.

Ina dteannta sin, i mí Bealtaine seoladh Réigiún Iarthair na hÉireann mar an dara réigiún san Eoraip a raibh dul chun cinn déanta air mar cheann scríbe Parthas Féideartha agus céim a haon ag díriú ar Chontae Mhaigh Eo agus céim a dó le díriú ar Contaetha eile an Iarthair i 2012. Eagraithe i gcomhpháirt le Comhairle Contae Mhaigh Eo agus WDC, is í aidhm *Parthais Féideartha* teacht ar na cúinní den domhan nár bhain aitheantas forleathan amach ach a bhfuil an-cháilíocht beatha, costas maireachtála réasúnta agus deiseanna foráis inbhuanaithe iontu.



Sa ghrianghraf seo ó sheoladh Chéadsiompóisiam Dlí S.A.M./na hÉireann in Óstán Theach Chnoc Raithní ('Knockranny House Hotel') i gCathair na Mart tá (ó chlér):

Ar chúil: Evan O'Dwyer (Uachtarán Chomhlachas Barra Aturnaetha Mhaigh Eo), Danny McLaughlin (Allergan)

Sa lár: Peter Hynes (Bainisteoir Contae Mhaigh Eo), Ward McEllin (Iar-Uachtarán an Dlí-Chumainn), Joanne Grehan (Coimisiún Forbartha an Iarthair), John O'Malley (Cumann Féineachais Philideilfia)

Chun tosaigh: Michael Burke (Cathaoirleach Chomhairle Contae Mhaigh Eo), An Breitheamh Seamus Hughes, Tereasa McGuire (Cathaoirleach Chomhairle Bhaile Chathair na Mart), Kevin Kent (Cumann Féineachais Philideilfia), Joseph T Kelley (Uachtarán Chumann Féineachais Philideilfia)



LookWest.ie Comórtas Grianghraif 'Mo Shamhradh'

Ba é an grianghraf buacach ná 'Fear chéile agus Mac ag Eas Ghleann Chárthaigh' a thug Noelle Burke as Co. LiatroimBhí an-áthas ar LookWest.ie leis an bhfreagairt, agus níos mó ná 750 iontráil agus níos mó ná 2,000 ball den phobal ag vótáil don chéad 50 grianghraf ar an ngearrliosta. Toisc go ndearna dul chun cinn ar an gcomórtas ar líne, bhí sé de

chumas againn an mór-éileamh atá ar mheáin shóisialta agus an lucht leantóra mór atá ag Facebook, Twitter agus LinkedIn a úsáid chun an teachtaireacht a scaipeadh faoi na buntáistí agus tairbhí a bhaineann le cónaí, obair agus gnó a dhéanamh i Réigiún Iarthair na hÉireann.

LookWest.ie Ag tacú le himeachtaí sa Réigiún

MeetWest 2011

Thacaigh LookWest.ie céadtionscnamh MeetWest a reáchtáladh ar an 21/22 Samhain i mBóthar na Trá, Gaillimh. Ba é MeetWest an ócáid líonrú gnó is mó a reáchtáladh in Iarthar na hÉireann i 2011. Leis an ócáid, tháinig 400 cuideachta le chéile agus cuireadh timpeallacht chruthaitheach ar fáil do chuideachtaí dul chun cinn a

dhéanamh ar deiseanna gnó ag leibhéal áitiúil, réigiúnach agus idirnáisiúnta. Bhí Comhairlí Contae Gaillimh, Maigh Eo agus Liatroim i dtús cadhnaíochta sa tionscnamh seo, agus thug na boird fiontraíochta, Údarás na Gaeltachta agus Fiontraíocht Éireann faoi seach, tacaíocht dó.

Trí-atlan Fear Iarainn na Gaillimhe 70.3

Thacaigh LookWest.ie leis an gcéad trí-atlan Fear Iarainn na Gaillimhe 70.3 3-5 Meán Fómhair. Bhí níos mó ná 2000 duine rannpháirteach san imeacht spóirt fíor-rathúil. Rinne

WDC meastachán geilleagrach ar an imeacht agus tá sé fúthu é a úsáid mar mhúnla chun luach a leithéid d'imeacht a mheas ó thaobh turasóireacht de amach anseo.

Forás sa Lucht Féachana


i 2011, tugadh níos mó ná 1 milliún cuairt ar shuíomh Gréasáin LookWest.ie agus méadú 30% i dtadhaill ó 2010 ag tiomáint meán de thuairim is 26,000 cuairteoir go dtí an suíomh gréasáin in aghaidh na míosa. Tugtar le fios leis an leibhéal foráis seo go bhfuil suim ag níos mó daoine anois ná mar a bhí riamh anuas in eolas a fháil faoina bhfuil ar fáil i Réigiún an Iarthair agus go bhfuil rath ar fhorbairtí agus gníomhaíochtaí ar an suíomh gréasáin le déanaí agus thar chainéil roghnaithe na meáin shóisialta i gcumarsáid a dhéanamh lena sprioc lucht leanúna. Go suntasach, táthar ann anois:

- Facebook – lucht leanúna de 4,725
- Twitter – 2,306 leantóir
- LinkedIn – 852 ball

Gradaim

- LookWest.ie gearrliostaithe sa chatagóir 'Úsáid is fearr de Meáin Shóisialta ag Comhlacht Stáit' ag Gradaim na Meán Sóisialta i mBealtaine 2011
- Ainmníodh LookWest.ie mar iomaitheoir sa chomórtas ceannais sa chatagóir 'Suíomh Gréasáin eRialtais is Fearr' ag Gradaim Fhíseacha Dot IE i Meán Fómhair 2011
- LookWest.ie gearrliostaithe le haghaidh Gradaim Dhamhan Alla Eircom Spider Awards sa chatagóir 'Suíomh Gréasáin eRialtais is Fearr' i nDeireadh Fómhair 2011

CUID 3



FORBAIRT TUAITHE



FORBAIRT TUAITHE

Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta inbhuanaithe an gheilleagair thuaithe

Fuinneamh in-athnuaite

Acmhainní Áitiúla – Fuinneamh Áitiúil – Réitigh Áitiúla – Poist Áitiúla



RASLRES- Tionscnamh AE i comhair na hEarnála Bithfhuinnimh

Tá WDC ag obair le háirithiú go bhfaigheann Réigiún an Iarthair na tairbhí is mó as earnáil bithfhuinnimh atá ag méadú. Is é príomhthionscnamh WDC ná tionscadal maoinithe ag an AE dar teideal RASLRES (*Cur Chuige Réigiúnach le Réitigh Fuinnimh In-athnuaite Áitiúla a Spreagadh*). Ó sheol an tAire Ó Cillín é i Meán Fómhair 2010, tá tacaíocht ghníomhach á tabhairt ag RASLRES do réimse tionscadail bithfhuinnimh sa réigiún.

Agus buiséad €2.8 milliún aige faoi Clár Forimill Thuaidh INTERREG, tá sé d'aidhm ag RASLRES úsáid breoslaí bithmhaise (adhmad, barra fuinnimh agus muir bhunaithe) i bpobail tuaithe agus líon na ngnólachtaí áitiúla páirteach san earnáil bithfhuinnimh a mhéadú. Tá WDC i dtús cadhnaíochta sa tionscadal seo agus áirítear sna páirtithe tionscadail: Action Renewables, Tuaisceart Éireann; An Institiúid um Thaighde Comhshaoil, Albain; Bardasacht Norsjö, an tSualainn.



The RASLRES website: www.raslres.eu



Ag méadú úsáid sa mhargadh

Le linn 2011, sholáthraigh RASLRES tacaíocht chomhairleach teicniúil, gnó agus forbairt tionscadal do cheithre chliant theoirionscadail (agus roinnt láithreáin ag cuid acu) ó fud na hearnála poiblí agus príobháidí i Réigiún an Iarthair. I measc na gcliant bhí: Comhairle Contae Dhún na nGall; Comhairle Contae Shligigh; Comharchumann Sealbhóirí Coillearnaí Dhún na nGall; FSS Iarthar; Tionscadal Fuinneamh Adhmaid Chontae an Chláir; Connacht Gold; Hillside Chickens Teo. agus Energy Crops Teo.

Laistigh den phunann cliant, d'aimsigh RASLRES poitéinseal margaidh breosla adhmaid nua de níos mó ná 20MWth a d'fhéadfadh a sholáthar ó acmhainní breosla áitiúla. Tá sé seo thar a bheith suntasach, ag cur san áireamh gur ag deireadh 2010 sa réigiún bhí thart ar 10MWth de thoilleadh suiteála thar 39 suiteáil a raibh raon coire de 60kW go 1MW acu.

I bhfómhar 2011, sholáthraigh RASLRES tacaíocht chomhairleach agus chaipitil araon do chóras téimh mhioncheantar (250kw) i gcampas Theagasc Bhaile Átha an Rí. Agus an láithreán lonnaithe achar beag ón bpríomhbhóthar Baile Átha Cliath Gaillimh, tá sé beartaithe go mbeidh sé ina láithreán taispeántais agus oideachais tábhachtach don réigiún.

Ag tógáil pháirtíocht na hEarnála Poiblí

Tá RASLRES dírithe ar thuiscint na hearnála poiblí ar an earnáil fuinneamh adhmaid agus a páirtíocht inti a mhéadú. I Márta, bhí cruinniú ag RASLRES, i comhpháirt le Gníomhaireacht Fuinnimh Luimnigh agus an Chláir, Bainisteoirí an Contae agus Stiúrthóirí Seirbhísí ón ocht Údarás Áitiúil an réigiúin, chomh maith le Forbairt Shionainne, Roinn an Oideachais agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) i gcomhar ról na hearnála poiblí i bhforbairt an mhargaidh téimh in-athnuaite a phlé.

Chun an cruinniú Údarás Áitiúil a chomhlánú, d'éascaigh RASLRES an tionscnamh Sualannach Biofuel Regions chun ceardlann a óstáil d'imreoirí tionsclaíochta a raibh suim acu ann agus chun deis foghlama ón taithí Sualannach a thabhairt d'imreoirí margaidh Éireannacha.

Mhaigh Peter Hynes, Bainisteoir an Chontae, Comhairle Contae Mhaigh Eo ag an ócáid gur;

"Thug an ceardlann cúnamh meastachán a dhéanamh ar an earnáil poiblí go ginearálta, i bhforbairt margadh téimh inbhuanaithe." D'aimsigh sé roinnt dúshlán cheannaireachta d'Údarás Áitiúla (ÚÁ) agus tá bealach chun tosaigh imlínte aige as a d'fhéadfadh an réigiún ar fad tairbhe a bhaint. Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo ag cur tús, i gcomhpháirt leis WDC agus forais poiblí eile tacaíocht a chur ar fáil d'fhorbairt slabhra agus margadh bithfhuinnimh inmharthana i gCo. Mhaigh Eo".

De thoradh ar an gceardlann seo, d'óstáigh Bainisteoirí an Contae cruinniú eile i mBealtaine chun meastachán a dhéanamh ar conas dul chun cinn a dhéanamh. Ina dhiaidh sin, rinne RASLRES suirbhé agus staidéar bonnlíne leis na hÚÁanna, agus ag cruinniú i mí Iúil, d'aontaigh na hÚÁanna do chomhphlean gníomhaíochta i gcomhpháirt le RASLRES. Is í aidhm lárnach an phlean ná ról réamhghníomhach ceannaireachta a shainmhíniú agus dul chun cinn a dhéanamh air d'ÚÁanna na hearnála.

Le linn 2011, chun dul chun cinn a dhéanamh ar na gníomhaíochta leis na hÚÁanna, reáchtáladh trí chruinniú le grúpaí ionadaithe an ÚÁ le linn Meitheamh, Deireadh Fómhair agus Samhain. Áiríodh sa chruinniú i nDeireadh Fómhair cuairt ar láithreán nua-choimisiúnaithe shuiteáil Theagasc i mBaile Átha an Rí.

Dírítear sa phlean gníomhaíochta ar trí mhórtéama lena n-áirítear creatlacha beartas chontae dhearfacha a fhorbairt, féachaint ar dheiseanna do sholáthar poiblí, agus tionscnaimh forbartha áitiúla a aimsiú chun tacú le forás slabhra soláthair. Mar chuid den obair leanúnach, rinne RASLRES athbhreithniú ar stoc tógála na nÚÁanna i ngach contae chun poitéinseal tionscadail suiteála a aimsiú; áiríodh leis seo cruinnithe ar láithreán agus sainchomhairliúchán le gach ÚÁ. Ansin, sainmhíniú forbhreathnú réigiúnach de thionscadail phoitéinsiúla a raibh saincheisteanna coitianta á sonrú.





Ag soláthair eolas margaidh agus ag tuiscint na ndeiseanna

Tá tuiscint láidir tógtha ag RASLRES ar conas a oibríonn an earnáil fuinneamh adhmaid sa réigiún. Áirítear le heochair-thaighde margaidh suirbhé ar shuiteálacha sa réigiún (raon coire de 60kW go 1MW) agus athbhreithniú ar shlabhra soláthair sliseanna adhmaid (tuarascála ar fáil le híoslódáil ar www.raslres.eu).

I Meitheamh, ag ceardlann in Bealach Féich, sheol RASLRES an tuarascáil *Deiseanna Barra Fuinnimh i Réigiún an Iarthair*. Sheachadadh WDC an tuarascáil i gcomhpháirt le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) agus

le Teagasc. Léirítear anailís sa tuarascáil ar phoitéinseal barra fuinnimh sa réigiún bunaithe ar cur i bhfeidhm Córas Eolais Tíreolaíochta bithfuinnimh ÚFIÉ agus pléitear eochair-thosca a bhfuil tionchar acu ar fhorbairt na hearnála barra fuinnimh amach anseo. Taispeántar sa tuarascáil go bhfuil an cumas ag imreoirí forbartha áitiúla (a leithéid d'Údaráis Áitiúla, comhlachta forbartha tuaithe, úsáideoirí téimh na hearnála poiblí) i dteannta le geallsealbhoirí príobháideacha ó fhoraoiseacht shuiteálaithe agus úsáideoirí bithmhaise, poitéinseal earnáil barra fuinnimh a scaoileadh trí cur chuige co-ordaithe, comhpháirtíochta ar fhorbairt tionscadail bhithmhaise.

Ag an gceardlann tionsclaíochta i Samhain i dTuaim, sheol RASLRES, i gcomhpháirt le Teagasc agus Tionscadal Fuinneamh Adhmaid Chontae an Chláir, a Threoirleabhar Fuinneamh Adhmaid 'Ag úsáid adhmaid chun do theach a théamh'.

Tá gach eolas sa bhróisiúr seo d'úsáideoirí deiridh ag smaoineamh ar bhreosla adhmaid dá dtithe agus dá gcomhlachtaí. Cuirtear eolas praiticiúil ar fáil ann d'úinéirí tí agus miongnólachtaí ar chineálacha coirí, aimsiú fearas oiriúnach, cineálacha breosla ar fáil, agus leideanna praiticiúla ar stóras adhmaid. Áirítear sa treoirleabhar tá seicliostaí chun adhmaid tine agus fearais a cheannach le húsáid chun cinntí infheistíochta a dhéanamh ar mhionsuiteálacha. Tá sé d'aidhm ag RASLRES leis an mbróisiúr seo feasacht margaidh ginearálta a thógáil ar theicneolaíochtaí fuinneamh adhmaid agus ar roghanna breosla.

San fhómhar, shainmhínigh RASLRES téarmaí tagartha chun Conradh Seirbhís Fuinnimh múnlaíthe a fhorbairt a d'fhéadfadh cur i bhfeidhm i dtreoirthionscadail RASLRES agus a scaipeadh sa tionsclaíocht. Chuaigh RASLRES i ngleic le próiseas gníomhach comhairliúcháin le húsáideoirí poitéinsiúla téimh, soláthraithe breosla agus comhlachtaí suiteála chun dul cinn a dhéanamh ar chéad dréacht an chonartha múnlaíthe. Dhírigh an cur chuige ar fhorbairt ar roinnt saineolais tionsclaíochta chun bailíocht agus aitheantas an chonartha múnlaíthe a áirithiú ag leibhéal tionsclaíochta agus leis na geallsealbhoirí poiblí cuí. Tabharfar aitheantas do chonradh múnlaíthe mar chonradh láidir don tionscal, agus déanfar deiseanna margaidh nua a oscailt suas leis agus éascófar úsáideoirí téimh agus forbróirí tionscadail. Beidh an conradh múnlaíthe agus na treoirnótaí a bhaineann leis críochnaithe i 2012.



Geilleagar Cruthaitheach

I 2011, rinne WDC dul chun cinn ar a chlár foráis don geilleagar cruthaitheach réigiúnach i roinnt bealaigh criticiúla. Ar dtús, choimisiúnaigh sé píosa anailís margaidh chun meastachán a dhéanamh ar an tionchar, i dtéarmaí foráis, ar phoist agus ar fiontraíochta, a d'fhéadfadh a fhabhraigh don réigiún dá d'achtódh WDC agus a pháirtithe roinnt tionscnaimh spriocdhírthe ar forás post, mar shampla, thart ar forás easpórtála. Ina dhiaidh sin, chomhoibrigh WDC le páirtithe réigiúnacha agus náisiúnta chun cláir foráis iarbhair, praiticiúla a dhearadh agus a fhorbairt, agus tá dhá cheann faofa anois. Anseo tá forbhreathnú ar eochair-eachtraí i 2011 a bhí bainteach le haidhm *An tIarthar Cruthaitheach 2020* méid reatha earnáil chruthaitheach an réigiúin a mhéadaigh faoi dhó.

Conairí forás i gcomhar an geilleagar Cruthaitheach - (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh)

Leantar leis an meastachán tionchair gheilleagrach seo ó thuarascáil *An Iarthair Cruthaitheach* trí mheastachán a dhéanamh ar phoitéinseal foráis na hEarnála Cruthaithe a éiríonn as moltaí *An Iarthair Cruthaitheach* seo a leanas:

- Táirgeadh agus forbairt níos éifeachtúla earraí agus seirbhísí a chumasaigh trí **gréasáin chleachtaidh** a bhunú.
- Forás ar easpórtáil agus díolachán baile a éascú trí dul chun cinn éifeachtach a dhéanamh ar an 'Iarthar Cruthaitheach'.
- Aistriú acmhainní cruthaitheacha isteach sa timpeallacht níos leithne gnó a éascú.

- Buanna cruthaitheacha sa réigiún a chaomhnú agus a fhorbairt trí oideachas.
- Nascóirí cruthaitheacha agus moil sa réigiún a fhorbairt chun obair gnólachtaí agus oibreoirí i dtimpeallachtaí cost-éifeachtúla a éascú.
- Forás gnólachtaí cruthaitheacha a thapaigh trí acmhainn leathanbhanda feabhsaithe (go háirithe earnáil ard-táirgiúlacht teicneolaíochta cruthaithe).
- Beartas náisiúnta don earnáil chruthaitheach san iomlán a bhunú chun struchtúr comhtháitheach a sholáthar chun an earnáil a fhorbairt.

Rinneadh iarracht leis an anailís toradh na ngníomhaíochtaí seo a thomhas trí dul i gcomhairle leis an earnáil. Seo thíos, léirimid trí chás forbartha agus cás frithfhórasach 'déan tada' faoi amscála gairid (3 bliana) agus meán-amscála (10 mbliana). Is é an cás ard-foráis ná an ceann ina bhfuil gréasáin chleachtaidh agus moltaí forás easpórtála araon i bhfeidhm agus is é seo an cás a mholtar sa tuarascáil seo.

Bunaíodh an anailís seo ar shonraí ón bhPríomh-Oifig Staidrimh, WDC agus suirbhé a rinne ar 232 fiontar cruthaitheach ag obair i Réigiún an Iarthair (ráta freagartha de 40.6%). Tá sonraí bonnlíne ó thuarascáil *An Iarthair Cruthaitheach* mar threoir. Taispeántar sa tábla seo thíos bonnlíne 2010 agus torthaí ar anailís faoi Cás 3 (Is é Cás 1 ná an cás ina bhfuil dul chun cinn déanta ar bheartais Gréasáin amháin, Cás 2 ina bhfuil dul chun cinn déanta ar bheartais easpórtála amháin, Cás 3 ina bhfuil dul chun cinn déanta ar an dá aicme bheartas).

2010 (Status Quo)						
Díolacháin Dhíreacha (€000i)	Díolacháin Indíreacha agus Ionduchtaithe (€000i)	Díolacháin Iomlána (€000i)	Fostaíocht dhíreach	Díolacháin Indíreacha agus Ionduchtaithe	Fostaíocht Iomlán	Onnmhairí (€000i)
206,845	57,922	264,787	8,576	2,401	10,977	56,880
2020 (Cás 3)						
648,724	181,642	830,367	29,720	8,322	38,042	211,266

Forás faoi ghlan-mharbhluch Chás 3:

	Díolacháin 2020	Fostaíocht 2020
Forás (glan-marbhluch)	€338 milliún	17,542

Taispeáin an measúnú tionchair gheilleagrach tionchar poitéinsiúil forás na hearnála amháin.



Faobhar Cruthaitheach

Is é Faobhar Cruthaitheach ná clár foráis atá maoiniú €1.2 ón AE aige chun gnó cruthaitheach a thiomáint chun forás easpórtála trí rochtain agus trí thacaíocht do chlár oibre easpórtála infhaighte, ag díriú ar 200 post ar dtús agus ag dul i gcomhairle le 1,000 gnólacht réigiúnach.

Tá faoi Fhaobhar Cruthaitheach na spriocanna seo a leanas a bhaint amach:


- Dul i ngleic leis an easnamh easpórtála aimsithe san earnáil, agus 2/3 de Gnó Cruthaitheach faoi láthair gan a bheith ag plé le margaidh dhomhanda.
- Clár oibre easpórtála a chur ar fáil ina mbeidh 1,000 gnólacht Cruthaitheacha páirteach.
- Ag úsáid cainéil Idirlíne agus Meán Sóisialta atá bunaithe agus ag teacht chun cinn.
- Tá faoi thacú le poitéinseal 17,000 post atá tuartha san earnáil roimh 2020.

Dúshlán Cruthaitheach(4CNW)

Clár curtha le chéile ag WDC agus Comhairle Contae Shligigh(Liatroim, Dún na nGall, Ros Comáin agus Maigh Eo páirteach) buanna cruthaitheacha a nascadh le tionsclaíocht níos leithne trí Clár Dearbhán Buanna. Tá maoiniú €300,000 an AE curtha faoi úrrús ag an gclár seo. Beidh suas le 100 gnólacht i Sligeach agus san Iarthuaisceart bainteach leis. Go fadtéarmach tá sé de chumas ag an gclár nascadh le 950 gnólacht cruthaitheach ina bhfuil suas le 50 gnólacht lárshrutha i bhforbairt táirgí agus forás gnó.



CUID 4



CISTE INFHEISTÍOCHTA WDC

CISTE INFHEISTÍOCHTA WDC

Caipiteal riosca a sholáthar do SMEnna agus d'fhiontair shóisialta.

Is é Ciste Infheistíochta an Iarthair (WIF) ná ciste a dhéanann WDC bainistiú air lena sholáthraítear caipiteal riosca (síolchaipiteal agus caipiteal fiontair agus maoiniú iasachtaí) d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (SMEanna) agus d'fhiontair phobail. Téann sé i ngleic le teip mhargaidh na hearnála príobháidí i dtaca le soláthar caipitil riosca d'fhiontair i Réigiún an Iarthair. Infheistíonn WDC ar théarmaí tráchtála agus is inaisíochta an uile infheistíocht.

Is gné shuntasach d'ualach oibre Chiste Infheistíochta an Iarthair ná monatóireacht a dhéanamh ar an bpunann infheistíochta. Oibríonn an feidhmeannas go dlúth le cuideachtaí punainne, ag leibhéal boird agus bainistíochta, ag tacú leo go fadtéarmach agus ag cuidiú leo a spriocanna foráis a bhaint amach.

Go nuige seo, d'infheistigh WDC €38 milliún san iomlán in 89 cuideachta sa Réigiún; is fiontair an-nuálach iad tromlach na SMEnna a dtugtar tacaíocht dóibh. Tá 1,378 duine san iomlán fostaithe sna fiontair seo, ina dteannta sin tá 195 duine fostaithe sa spás fiontar pobail a dtugtar tacaíocht dó ó Chiste Infheistíochta an Iarthair. Mar Chiste Leantach infheistítear na brabúis uile ar ais sa réigiún.

Taispeántar le torthaí suirbhé 2011 ar chuideachta a dtugann WDC tacaíocht dóibh an tionchar geilleagrach agus sóisialta an-suntasach atá ag na gnólachtaí seo ar an réigiún. Léiríonn príomhthorthaí i 2011 gur íoc cuideachtaí punainne WDC €43 milliún san iomlán i dtuarastail agus pá, a ndeachaigh €11.8 milliún de ar ais chuig an státchiste i gcánacha párolla. Easpórtáiltear 67% de láimhdeachas na gcuideachtaí seo, ag tacú le téarnamh tiománaithe ag easpórtáil. Táscaire an-suntasach eile ar thionchar geilleagrach agus ar nuálaíocht gheilleagrach is ea an caiteachas €11m a chaith siad ar Thaighde agus Forbairt.

I 2011 d'infheistigh WDC €684,882 i seacht bhfiontar a chuireann fostaíocht ardoilte ar fáil in earnálacha ó fheistis leighis go forbairt bogearraí go déantúsaíocht ardteicniúil. De bharr infheistiú WIF bhí €5 mhilliún d'infheistíocht bhreise sa Réigiún san iomlán; fuarthas €6.70 d'fhiontair an Iarthair ar gach €1 de mhaoiniú WDC a infheistíodh trí WIF.

I 2011, ní bhfuair WDC maoiniú ar bith ón státchiste i gcomhar an WIF. De thoradh ar seo, ní raibh WDC in ann infheistiú a dhéanamh in aon chuideachta nua i 2011. Tá WDC ag braith go hiomlán ar a mhaoiniú imrothlaithe, agus b'éigean dó infheistíocht a chur in ord tosaíochta de bharr an líon teoranta maoinithe a bhí ar fáil dá cuideachtaí punainne reatha d'fhonn luach na punainne a chosaint agus na cuideachtaí seo agus na poist a dtacaíonn siad leo a chosaint.

Sa dara leath de 2011, áfach bhí roinnt bealaigh amach rathúil ag WDC ó chuideachtaí punainne. De bharr an mhaoinithe seo, beidh sé de chumas ag WDC infheistíochta nua a chur san áireamh i 2012, chomh maith le hinfeistíochta leanúnacha i gcuideachtaí punainne atá ann chéanna féin.

Ní hamháin go bhfuair WDC aisíocaíocht ón na bealaigh amach seo, fuarthas tairbhe geilleagrach an-suntasach sa réigiún chomh maith; fuair cuideachtaí idirnáisiúnta i dtús cadhnaíochta na comhlachtaí seo, agus d'fhéadfadh siad poitéinseal iomlán na bhfiontar seo a réadaigh ag luas méadaithe.

Tuairtar go mbeidh thart ar 300 duine fostaithe sna comhlachtaí seo thar na mblianta beaga amach





romhainn agus i gcásanna áirithe, tá an oibríocht a fuarthas in Iarthar na hÉireann ina ceanncheathrú de chuid na gcuideachtaí idirnáisiúnta seo.


Tá WDC ag lorg go n-athghlacfar leithdháileadh caipitil do Chiste Infheistíochta an Iarthair de réir mar a leanann teip margaidh san earnáil príobháideach ar aghaidh i Réigiún an Iarthair agus níos lú ná 10% de chistí caipiteal fiontair príobháideacha á n-infheistiú inár réigiún. Tá ról ríthábhachtach ag WIF i ndúl i ngleic leis an mbearna chothromaíochta seo agus tacú le comhlachtaí dúchais tosú agus leathnú i Réigiún an Iarthair.

Trína phunann infheistíochta rathúil, thaispeáin WDC a éifeachtacht i seachadadh tairbhí socheacnamaíochta suntasacha don rialtas trí thacú le fiontair agus le poist i modh inbhuanaithe. Taispeántar i dtaighde a rinne le cuideachtaí WIF go bhfuil toradh ag gach meán-leathdháil státchiste de €3m thar thréimhse 10 mbliana go fostaíonn na fiontair seo 1,378 post agus le 195 duine fostaíthe i spás fiontar pobail. Bhí caiteachas bliantúil de €43 milliún i 2011 ar thuarastail agus ar phá, spreagadh an-suntasach don gheilleagar áitiúil agus d'aisíoc €11.8 milliún as an méid seo don státchiste i gcánacha párolla. Is léir go dtairgeann an WIF múnla d'fhorbairt gheilleagrach inbhuanaithe an réigiúin, agus táthar ag tnúth go leanar le tacaíocht an Rialtais ina dhianiarachtaí airgeadas riosca a chur ar fáil d'fhiontair an Iarthair ar bhonn tráchtála agus tionchar geilleagrach a sheachadadh.

Le haghaidh tuilleadh eolas ar Chiste Infheistíochta an Iarthair, feic www.wdc.ie/wif



CUID 5



SEIRBHÍŚÍ CORPARÁIDEACHA



SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

WDC a fheidhmiú mar eagraíocht inniúil agus éifeachtach.

Mar chuid thábhachtach dá spriocanna straitéiseacha, tá WDC ag dréim le heagraíocht éifeachtúil éifeachtach a stiúradh a chomhlíonann ceanglais reachtaíochta, nuachóiriú na hearnála poiblí agus dea-chleachtas ach cloí lena leanas:



Rialachas Corparáideach

Thug an bord faoina gcuid gníomhaíochtaí agus iad feasach ar an gCód athbhreithnithe lompraíochta um Rialú Gníomhaireachtaí Stáit arna leasú i mí na Bealtaine 2009.

Acmhainní Daonna

Trí rannpháirtíocht ghníomhach Choiste Comhpháirtíochta WDC, lean an eagraíocht lena gealltanais ar chlár nuachóirithe na hearnála poiblí agus ar chur i bhfeidhm Chomhaontas Pháirc an Chrócaigh.



Cúram Custaiméirí

Tá WDC tiomanta do sheirbhís ghairmiúil éifeachtúil chúirtiseach a chur ar fáil dá gcustaiméirí de réir Chairt Chustaiméirí WDC agus na bPrionsabail um Sheirbhísí Ardchaighdeán do Chustaiméirí. Tá cóip de Ráiteas Custaiméirí WDC ar fáil ar <http://www.wdc.ie/customercharter.html>

Déantar nuashonrú rialta ar shuíomh gréasáin WDC agus cuireadh cliant ar an eolas faoi obair na heagraíochta trí phreaseisiúintí, trí fhoilseacháin agus trí aighneachtaí a cuireadh ar www.wdc.ie. Níor raibh aon tuairisc ná aon taifead de ghearáin ó chustaiméirí i 2011.

Bainistíocht Airgeadais

Cuireann Córas WDC um Bainistíocht Airgeadais ar chumas an Choimisiúin próiseas cuimsitheach buiséadaithe agus tuairiscithe airgeadais a oibriú agus dea-chleachtas faoin gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh.

Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003

Níor iarradh aon fhaisnéis faoi théarmaí na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Níor cuireadh aon fhiosrúcháin faoi bhráid WDC faoin Acht um Chosaint Sonraí i 2011.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, ghlac WDC le *Scéim Teanga WDC 2007-2010*. Foilsíodh an Scéim i mBéarla agus i nGaeilge agus tá sí ar fáil ar: www.wdc.ie. Faoi théarmaí na scéime, aistríodh suíomh gréasáin lookwest.ie Gaeilge.

Costais agus Táillí Boird

Sonraítear na sonraí uile faoi chostais agus táillí boird in Aguisín 3.

Tuarastal agus Costais na bPríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Sonraítear na sonraí uile faoi thuarastal agus costais na bPríomhoifigigh Feidhmiúcháin in Aguisín 4.

Tuarascáil an Chathaoirligh ar Chomhlíonadh WDC an Chóid Chleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit i 2011

1. Cód Iompraíochta Gnó do Stiúrthóirí agus d'Fhostaithe WDC

Shínigh na páirtithe ábhartha uile na cóid iompraíochta ghnó don uile stiúrthóir agus fostaí agus comhlíonadh iad i 2011.

2. Feidhm Iniúchta Inmheánaigh

Deimhním gur chomhlíon WDC na nósanna imeachta oiriúnacha uile le haghaidh iniúchadh inmheánach i 2011, faoi mar a shonraítear sa Chód Cleachtais. Tugadh faoin obair a leanas i ndáil le hiniúchadh inmheánach:

(i) **Iniúchadh Inmheánach:** Chuir an tIniúcháir Inmheánach Clár Oibre Iniúchta Inmheánaigh 2011 de.

(ii) **Coiste Iniúchta WDC:** Tháinig an Coiste Iniúchta le chéile ceithre huaire i rith na bliana 2011 agus thug siad tuairisc ar a gcuid gníomhaíochtaí do WDC.

(iii) **Iniúchtaí WDC:** Thug an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Iniúcháirí Seachtracha) faoi lániniúchadh airgeadais a bhain le ráitis airgeadais WDC 2010 i 2011.

3. Soláthar

I 2011, chomhlíon WDC na nósanna imeachta ábhartha soláthair ina n-íomláine faoi mar a shonraítear i dTreoirlínte Soláthair WDC agus i dTreoirlínte Soláthair an Rialtais 2004.

4. Diúscairt Sócmhainní agus Rochtain Tríú Páirtithe ar Shócmhainní

Níor tharla aon diúscairt sócmhainní os cionn na tairsí a chomhaontaigh WDC i 2011.

5. Treoirlínte maidir le Breithmheas agus Bainistiú Caiteachais Chaipitil

Ní bhaineann na treoirlínte seo le WDC.

6. Íocaíocht le Príomhfheidhmeannaigh agus le Fostaithe Comhlachtaí Stáit

Chomhlíon WDC treoirlínte an Rialtais agus socruithe na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúla i dtaca le saothair a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach agus do na fostaithe i 2011.


7. Íocaíocht Táillí agus Costas Stiúrthóirí

Chloí WDC le treoirlínte an Rialtais agus socruithe na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtas Áitiúla idtaca le híocaíocht táillí stiúrthóirí i 2011. Tugtar sonraí faoi na táillí agus na costais chomhiomlána seo sna cuntais bhliantúla.

8. Cuireadh tuarascáil ar leith an Chathaoirligh faoi bhráid an Aire i dteannta Thuarascáil Bhliantúil 2011.

9. Deimhním gur chomhlíon WDC na dlíthe oiriúnacha cánach agus a gcuid oibleagáidí cánach ina n-íomláine i 2011 agus nach ndearnadh tuairisc ar shaincheisteanna ar bith.

Síniú:





Cathaoirleach WDC

Dáta:

31/03/2011





AGUISÍNÍ



AGUISÍN I: COMHALTAÍ AN BHOIRD

Comhaltaí Choimisiún Forbartha an Iarthair 2011

An Cathaoirleach

An tUasal Helen Richford Brennan *

An tUasal Michael Farrell**

Comhaltaí

An tUasal Neville Bagnall*

An tOllamh Seamas Caulfield**

An tUasal Jim Devenney*

An tUasal Pat Gilmore**

An Comh. Mary Hoade*

An tUasal Martina Minogue*

An tUasal Diarmaid Mulcahy**

An tUasal Jackie Maguire*

An tUasal Pádraig Ó hAoláin*

An tUasal Mary Devine O'Callaghan*

An tUasal Pádraig Ó Caomhánaigh**

Dr Seosamh Ó Ceallaigh*

An tUasal Gerry O'Connor*

An tUasal Vincent Roche*

Dr. Katie Sweeney*

* Ag seasamh don Bhord a cheapadh ar 22 Feabhra 2011.

** Ag seasamh do cheapacháin don Bhord roimhe seo a bhí deireadh leo ar 31 Eanáir 2011

Coiste Iniúchta

An Cathaoirleach

An Comh. Mary Hoade

Comhaltaí

An tUasal Ben Bradish

An tUasal Pádraig Ó hAoláin

An tUasal Michael Morley

An tUasal Willie O'Brien



AGUISÍN 2

Painéil Chomhairleacha Eile

Comhaltaí den Ghrúpa Comhairleach um Fhuinneamh Adhmaid Réigiúnach

An tUasal Richard Browne	An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
An tUasal Pearse Buckley	Fuinneamh Inmharthana Éireann
An tUasal Philip Carr	Seirbhís Foraoiseachta na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia
An tUasal Peter Cafferkey	Seirbhís Foraoiseachta na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia
An tUasal Barry Caslin	Teagasc
An tUasal Michael Ó hÉanaigh	Comhairle Contae Dhún na nGall (An Rannóg Pobail agus Fiontair)
An tUasal Conor Lawlor	Institiúid Teicneolaíochta Shligigh
An tUasal Dóirín Graham	Rural Resource Development Ltd (Cuideachta Clare LEADER)
An tUasal Christine Hutton	Rural Generation Ltd
An tUasal Peter Keavney	Gníomhaireacht Fuinnimh na Gaillimhe
An tUasal Steven Meyen	Teagasc (Foraoiseacht)
An tUasal Fiona Ní Mhurchadha	Údarás na Gaeltachta
An tUasal Frank Conlon	Údarás na Gaeltachta
An tUasal Joe O'Carroll	Imperative Energy Ltd
An tUasal Hugo McCormick	Imperative Energy Ltd
An tUasal Geraldine O'Sullivan	Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (Foraoiseacht)

Comhaltaí de Ghrúpa Comhairleach Thionscal Earnáil na Cruthaitheachta

An tUasal William Golden	OÉ Gaillimh
An tUasal Geraldine Gray	Dearadhlann Liatroma (Leitrim Design House)
An tUasal Jim Keogh	Údarás na Gaeltachta
An tUasal Anton Mannering	Fóram na Meán Digiteach
An tUasal Nick Miller	Ealaíontóir
An tUasal David Power	Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI)
An tUasal Toby Scott	An tIonad um Nuálaíocht Deartha, IT Shligigh
An tUasal Ray Walsh	Fiontraíocht Éireann



AGUISÍN 3

Costais agus Táillí Boird

Táillí Boird agus Costais Taistil agus Chothaithe i 2010		
Ainm	Táillí	Taisteal agus Cothú
An tUasal Michael Farrell	€748	€684
An tUasal Pat Gilmore	€499	€76
An tUasal Helen Rochford Brennan	€8,417	€2,232
An tUasal Jackie Maguire	NIALAS	€669
An tUasal Diarmaid Mulcahy	€499	NIALAS
An tOllamh Séamus Caulfield	€499	€171
An tUasal Martina Minogue	€5,611	€1,078
Cllr. Mary Hoade	€5,611	€1,790
An tUasal Mary Devine O'Callaghan	€5,611	€183
An tUasal Jim Devenney	€5,611	€1,472
Dr. Katie Sweeney	NIALAS	€1,022
An tUasal Pádraig O Caomhánaigh	€499	€114
An tUasal Neville Bagnall	€5,112	NIALAS
An tUasal Pádraig Ó hAoláin	€5,112	€1,056
Dr Seosamh Ó Ceallaigh	NIALAS	€1,705
An tUasal Gerry O'Connor	€5,112	€373
An tUasal Vincent Roche	€5,112	€1,132

Costais Tuarastail agus Taistil agus Chothaithe na bPríomhoifigigh Feidhmiúcháin i 2011		
Socraítear scála tuarastail na bPríomhoifigigh Feidhmiúcháin ag leibhéal an Phríomhoifigigh sa Státseirbhís. Ní oibríonn WDC scéim dhámhachtainí i gcoibhneas le feidhmíocht agus áirítear sochar aoisliúntais sa scála tuarastail.		
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	Tuarastal	Taisteal agus Cothú
An tUasal Gillian Buckley (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Gníomhach agus Bainisteoir Infheistíochta, 21 Aibreán-31 Lúnasa)	€35,982	€1,863
An tUasal Ian Brannigan (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Gníomhach agus Bainisteoir Forbartha Réigiúnach, 13 Meán Fómhair – 31 Nollaig)	€27,535	€3,789





RÁITIS AIRGEADAIS A INIÚCHADH
Don Bhliain Dar Chríoch an 31 Nollaig



TABLE OF CONTENTS

Eolas ar Choimisiún Forbartha an Iarthair	41
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Choimisiúin	42
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	43
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	44
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	46
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	48
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chiste Infheistíochta an Iarthair	49
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais an Chláir Forimill Thuaidh (NPP)	50
Statement of Total Recognised Gains and Losses	51
Clár Comhardaithe	52
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	53
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	54



EOLAS AR CHOIMISIÚN FORBARTHA AN IARTHAIR

Cathaoirligh

An tUasal Helen Rochford Brennan *

An tUasal Michael Farrell**

Comhaltaí

An tUasal Neville Bagnall***	Contae Shligigh
An tOll. Séamus Caulfield**	Baile Átha Cliath 14
An tUasal Jim Devenney*	Contae Dhún na nGall
An tUasal Pat Gilmore**	Contae na Gaillimhe
An Comh. Mary Hoade*	Contae na Gaillimhe
An tUasal Martina Minogue*	Contae an Chláir
An tUasal Diarmaid Mulcahy**	Contae na Gaillimhe
An tUasal Jackie Maguire*	Contae Liatroma
An tUasal Pádraig Ó hAoláin***	Contae na Gaillimhe
An tUasal Mary Devine O'Callaghan*	Contae Ros Comáin
An tUasal Pádraig Ó Caomhánaigh**	Contae na Gaillimhe
An Dr Seosamh Ó Ceallaigh***	Contae Dhún na nGall
An tUasal Gerry O'Connor***	Contae Shligigh
An tUasal Vincent Roche***	Contae Mhaigh Eo
An Dr Katie Sweeney*	Contae Mhaigh Eo

Baincéirí

Banc na hÉireann, Bealach an Doirín, Contae Ros Comáin

Iniúcháirí

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, Teach an Chisteáin, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2

Ceapadh Bord nua chun Choimisiún Forbartha an Iarthair an 22 Feabhra 2011

* *Comhalta den Bhord reatha agus den Bhord roimhe seo*

** *Comhalta den Bhord go dtí 22 Feabhra 2011*

*** *Comhalta a bhí ceaptha ar an mBord 22 Feabhra 2011*

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN CHOIMISIÚIN

Ceanglaíonn Alt 22 den Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998, ar an gCoimisiún ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a cheadóidh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le comhthoiliú an Aire Airgeadais agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-íniúchadh. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú ceanglaítear ar an gCoimisiún:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais reatha mura bhfuil an bonn sin míchuí;
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeán infheidhme chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Dearbhaíonn na Stiúrthóirí gur chloígh siad leis na riachtanais thuas agus na ráitis airgeadais á réiteach.


Tá an Coimisiún freagrach as leabhair chuntas chuí a choinneáil, a nochtann go réasúnta cruinn aon tráth, staid airgeadais an Choimisiúin agus a ligeann dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 22 den Acht. Tá an Coimisiún freagrach freisin as a shócmhainní a shlánchoimeád agus as bearta réasúnacha a ghlacadh d'fhonn cosc a chur le calaois agus le mírialtachtaí eile agus iad a bhrath.

An Cathaoirleach:



Paddy McGuinness

Comhalta an Choimisiúin:



Raymond McGreal (CEO)



REPORT OF THE COMPTROLLER & AUDITOR GENERAL



An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Coimisiún Forbartha an Iarthair

Tá ráitis airgeadais Choimisiún Forbartha an Iarthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 iniúchta agam faoin Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den ráiteas ar bheartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chiste Infheistíochta an Iarthair, Cuntas Ioncaim agus Caiteachais an Chláir Forimill Thuaidh, an Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta Iomlán, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Cuireadh na ráitis airgeadais i dtoll a chéile de réir na foirme atá leagtha síos faoi Chuid 22 an Achta agus de réir cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leis in Éirinn.

Freagrachtaí an Choimisiúin

Tá an Coimisiún freagrach as na ráitis airgeadais á réiteach, as cinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí an Choimisiúin agus ar a n-ioncam agus a gcaiteachas agus as rialtacht idirbheartaíochta a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is í an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus a thuairisciú de réir cheanglas ábhartha dlí.

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (RA agus Éire) agus de réir na gCaighdeán Eiticéil d'Iniúcháirí de chuid Bord Chleachtaidh na nIniúcháirí.

Raon Iniúchta na Ráiteas airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil faoi mhéideanna agus nochtadh faisnéise sna ráiteas airgeadais, sa chaoi is go mbeadh leordhóthain fianaise a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhiráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht is cúis leis sin. Cuimsítear leis seo measúnacht ar

- féachaint an oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Choimisiúin, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

- réasúntacht na meastacháin cuntais shuntasacha a rinne le linn réiteach na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Teastaíonn uaim, chomh maith, faisnéis faoi rialtacht idirbheartaíochtaí airgeadais le linn an iniúchta a fháil.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Is í mo thuairim í, go dtugann na ráitis airgeadais, a réitíodh i gceart de réir cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leis in Éirinn, léiriú fíor agus cothrom, ar staid ghnóthaí an Choimisiúin amhail an 31 Nollaig 2011 agus ar a n-ioncam agus a gcaiteachas do 2011.

Is í mo thuairim í, gur choimeád Coimisiún Forbartha an Iarthair leabhair chuí chuntais. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Ábhair a dhéanaim tuairisciú eisceachtúil orthu

Déanaim tuairisciú eisceachtúil sa chás

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis iomlán agus na mínithe iomlána riachtanach do m'iniúchadh, nó
- tuairiscítear i m'iniúchadh ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh airgead chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad, nó
- sa chás nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh an Choimisiúin ar Chód Cleachtais um Rialachais Comhlachtaí Stáit, nó
- Sa chás go bhfaighim amach go bhfuil ábhair ábhartha eile a bhaineann leis an gcaoi ina stiúradh gnó poiblí.

Ní aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair sin a ndéantar tuairisciú eisceachtaí orthu.

Patricia Sheehan

**Le haghaidh agus thar ceann
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
23 Nollaig 2013**

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS 2011

1. Thar ceann Bhord Choimisiún Forbartha an Iarthair, admhaím an fhreagracht atá orainn a chinntiú go gcothabháiltear agus go n-oibrítear córas éifeachtach de rialú inmheánach airgeadais.
2. Ní féidir leis an gcóras ach ráthaíocht réasúnach, agus ní ráthaíocht iomlán a thabhairt, go slánchoimeádtar sócmhainní, go n-údaraithear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad agus go gcosctar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí, nó go mbrathófaí iad i dtréimhse thráthúil.
3. Tá na nósanna imeachta seo a leanas curtha i bhfeidhm ag an mBord d'fhonn rialú airgeadais inmheánach a sholáthar:
 - i. Tá bearta glactha ag an mBord le cinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm;
 - trí struchtúr eagraíochtúil atá mínithe go soiléir a bhunú;
 - le línte freagrachta sainithe, teorainneacha údaráis, scaradh dualgas agus údarás tarmligthe;
 - trí chóras de nósanna imeachta airgeadais atá doiciméadaithe go soiléir a bhunú;
 - trí mheicníochtaí tuairiscithe don lucht Bainistíochta, don Choiste Iniúchóireachta agus don Chathaoirleach agus don Bhord a bhunú.
 - ii. Tá próisis curtha ar bun ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a luacháil;
 - trí nádúr, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí a bheidh ag an gCoimisiún a aithint;
 - trí mheasúnú a dhéanamh ar an dealraitheacht go dtarlódh na rioscaí a aithníodh (mionmheasúnú riosca arna dhéanamh ag iniúcháirí inmheánacha);
 - trí oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí ábhartha le cinntiú go dtuigtear straitéis an Choimisiúin go soiléir.
 - iii. Úsáideann an Coimisiún Córas Bainistíochta Airgeadais inti a chuireann ar a chumas próiseas buiséadaithe cuimsitheach a fheidhmiú, agus a chinntiú go n-aithnítear agus go scrúdaítear agus go dtugtar aghaidh ar aon athraitheas buiséadach go pras. Ullmhaítear tuarascálacha míosúla buiséid agus caiteachais don lucht bainistíochta agus don Roinn.
 - iv. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun déileáil le himpleachtaí airgeadais a ghabhann le mór-rioscaí gnó. Áirítear orthu seo;
 - ceadú an Bhoird do bhuiséad bliantúil;
 - sraith nósanna imeachta airgeadais oibríochtúla atá sainmhínithe go soiléir;
 - nósanna imeachta infheistíochta atá sainmhínithe go soiléir agus ceadaithe ag an mBord le haghaidh fheidhmiú Chiste Infheistíochta an Iarthair; lena n-áirítear nósanna imeachta iarinfheistíochta.
 - teorainneacha údaraithe sainmhínithe, scaradh dualgas.



RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

AIRGEADAIS 2011 (Ar Lean)

- v. Sa bhliain 2011 bhí na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais;
- a. Feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí, a seachfhóinsíodh agus a oibríodh de réir an phlean oibre iniúcháireachta inmheánaí, lenar áiríodh anailís riosca. Rinne an Coiste Iniúcháireachta an plan iniúchta agus an anailís riosca seo a fhormhuiniú. Thuairiscigh an Fheidhm Iniúcháireachta Inmheánaí chun an Choiste Iniúcháireachta maidir lena hathbhreithniú caiteachais agus léirigh an tuarascáil seo tuairim an iniúcháir inmheánaigh maidir le leorgacht agus le héifeachtacht chórais an rialaithe inmheánaigh airgeadais i gCoimisiún Forbartha an Iarthair.
- b. Is iad na foinsí faisnéise atá ag monatóireacht agus ag athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtúlacht an chórais;
- obair an iniúcháir inmheánaigh;
 - an coiste iniúcháireachta (a dhéanann maoirsiú ar obair an iniúcháir inmheánaigh);
 - feidhmeannas an Choimisiúin a bhfuil freagracht orthu as forbairt agus as cothabháil an chreata rialaithe airgeadais;
 - tráchttaireacht arna déanamh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta.

4. Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha airgeadais sa bhliain 2011.

Arna Shíniú ag:



Cathaoirleach

Dáta:

10/12/2013

RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

1. Bonn na Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta, seachas mar a leagtar amach thíos, agus de réir phrionsabal na cuntasaíochta a nglactar leo go coitianta faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glactar Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais arna moladh ag na forais chuntasaíochta aitheanta de réir mar a dhéantar oibrióch iad.

2. Deontais Oireachtais

Tugtar cuntais sna Deontais Oireachtais ar bhonn fáltas airgid.

3. Sócmhainní Seasta

Luaitear Sócmhainní Seasta ag a gcostas stairiúil nó a luacháil lúide a ndímheas carntha.

Cuirtear dímheas de mhuirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais ar bhonn dronnlíneach, ag na rátaí a leagtar amach thíos, d'fhonn na sócmhainní a dhíscríobh, coigeartaithe le haghaidh luach iarmharach measta, le linn na saolréanna ionchais:

Daingneáin agus Feistis 15%

Ríomhairí agus TF 33%

4. Pinsin

Feidhmíonn an Coimisiún scéim pinsean sochair shainithe a mhaoineítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead atá ar fáil dó, lena n-áirítear airgead arna sholáthar ag An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail na foirne.

Léiríonn costais na bpinsean na sochair a thuill fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad mar ghlanchoistais ó ranníocaíochtaí pinsean na foirne a íoctar leis an Roinn de réir chomhshocraíochtaí maoinithe an Choimisiúin.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha de dhroim dliteanas scéime sa Ráiteas ar Gnóthachain agus Caillteanas Aitheanta lomlána agus aithnítear coigeartú comhréireach sa mhéid is inghnóthaithe ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Léiríonn na dliteanais phinsin luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin todhchaí a shaothraigh an fhoireann go dtí seo.

Léiríonn an maoiniú iarchurtha pinsin an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisíoc i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

5. Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil an luach gan amúchadh atá ar an ioncam a caitheadh ar chúrsaí caipitil.

6. Ciste Infheistíochta an Iarthair

Tá an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil tar éis tiomantas a thabhairt do chiste foriomlán €28 milliún faoin NDP 2007-2013. Nuair a cheadaíonn an Coimisiún tionscadal, tarraingítear cistí anuas ón Roinn agus eisítear iasachtaí agus infheistíochtaí chuig an bhforas ábhartha.



RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (Ar Lean)

7. Ioncam Infheistíochta

Déantar ioncam infheistíochta a thuilltear ar Chiste Infheistíochta an Iarthair a chreidiúnú don Chiste.

Ríomhtar ús ar iasachtaí ar bhonn comhardaithe laghdaithe agus tugtar chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais é thar thréimhse an chomhaontaithe. Ní fhabhraítear ús ar iasachtaí atá i riaráiste agus ní thugtar don chuntas ioncaim agus Caiteachais é ach amháin nuair a fhaightear é.

Tugtar díbhinní ar infheistíochtaí cothromais chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a fhaightear iad.

8. Infheistíochtaí Neamhluaite

Luaitear infheistíochtaí neamhluaite ag an luach cóir. Sainmhínítear luach cóir mar an méid a d'fhéadfaí sócmhainn a mhalartú uirthi idir páirtithe eolacha, toilteanacha in idirbheart fad láimhe.

I gcás nach féidir luach cóir a thomhas go hiontaofa, tuairiscítear an infheistíocht ag an luach tugtha anonn ag an dáta tuairiscithe roimhe sin, mura mbíonn fianaise ann gur bearnaíodh é seo. Sna cásanna sin, ba cheart go léireodh an luach tugtha anonn méid mheasta an bhearnúcháin.

9. Forálacha le haghaidh Beartais do Chaillteanais ar Iasachtaí

Déantar forálacha sainiúla le haghaidh iasachtaí nuair is é breith Choimisiún Forbartha an Iarthair gur mheath creidmheasacht iasachtaí ar dhóigh go bhfuil móramhras ann an féidir iomlán na hiasachta neamhíochta nó cuid di a aisghabháil. Is ionann méid na forála sainiúla agus an méid is gá chun luach tugtha anonn na hiasachta a laghdú dá glanluach tuartha inréadaithe deiridh.

10. Gnóthachain agus Caillteanais

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais réadaithe sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais nuair a réadaítear iad.

11. An Clár Forimill Thuaidh

Tionscadal atá sa Chlár Forimill Thuaidh (NPP) leis an earnáil fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt i réigiúin tuaithe. Thosaigh an NPP in 2009.

Cuireann an tAontas Eorpach (AE) 60% den mhaoiniú ar fáil agus cuireann Coimisiún Forbartha an Iarthair an fuilleach 40% ar fáil.

12. Táillí Socraíochta agus Bainistíochta


Aithnítear agus coimeádtar na táillí a fhaightear i gCiste Infheistíochta an Iarthair. Cuirtear forchostais a bhaineann le feidhmiú Chiste Infheistíochta an Iarthair de mhuirear ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an Choimisiúin.

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 3I NOLLAIG 2011

COIMISIÚN FORBARTHA AN IARTHAIR	NÓTA	2011 €	2011 €	2010 €	2010 €
IONCAM					
Deontas Oireachtais	1a	1,422,558		2,135,116	
Ioncam eile	1b	30,442		1,974	
Aistriú chuig Ciste Infheistíochta an Iarthair		0		(492,000)	
Aistriú chuig NPP			(231,000)		(238,000)
Aistriú ó/(chuig) an gCuntas Caipitil	8	1,038		7,173	
Glanmhaoiniú larchurtha le haghaidh Pinsean	10	285,000		281,000	
			1,508,038		1,695,263
CAITEACHAS					
Costais oibriúcháin	2a		(1,390,230)		1,553,857
Barrachas/(Easnamh) don bhliain			117,808		141,406
Barrachas/(Easnamh) ag tús na bliana			217,476		76,070
Barrachas/(Easnamh) ag deireadh na bliana			335,284		217,476

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta agus nótaí 1-12.

Paddy McGuinness:
Cathaoirleach



Raymond McGreal (CEO)
Comhalta an Choimisiúin





CISTE INFHEISTÍOCHTA AN IARTHAIR - CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 3^I NOLLAIG 2011

CISTE INFHEISTÍOCHTA AN IARTHAIR (WIF)	NÓTA	2011 €	2011 €	2010 €	2010 €
IONCAM					
Aistriú ón gCoimisiún		0		492,000	
Ús tuillte ar thaiscí		46,862		2,146	
Toradh ar Chiste Infheistíochta & Gnóthachain/Caillteanais		(1,766,667)		443,815	
Táillí Socraíochta/Bainistíochta		55,982		51,817	
			(1,663,823)		989,778
LAGHDÚ/(MÉADÚ) AR SHOLÁTHAR AGUS ATHLUACHÁIL IN AGHAIDH INFHEISTÍOCHTA			<u>1,642,904</u>		<u>400,136</u>
Barrachas/(Easnamh) ar an gCiste don bhliain			(20,919)		1,389,914
Barrachas/(Easnamh) ar an gCiste ag tús na bliana			<u>21,446,796</u>		<u>20,056,882</u>
Barrachas/(Easnamh) ar an gCiste ag deireadh na bliana			<u><u>21,425,877</u></u>		<u><u>21,446,796</u></u>

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta agus nótaí 1-12.

Paddy McGuinness:
Cathaoirleach



Raymond McGreal (CEO)
Comhalta an Choimisiúin




AN CLÁR FORIMILL THUAIHDH CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 3^I NOLLAIG 2011


AN CLÁR FORIMILL THUAIHDH (NPP)	NÓTA	2011 €	2011 €	2010 €	2010 €
IONCAM					
Aistriú ón gCoimisiún		231,000		238,000	
Deontas an AE		<u>465,463</u>		<u>259,711</u>	
			696,463		497,711
CAITEACHAS	2b		<u>(650,968)</u>		<u>(460,100)</u>
Méadú/(Laghdú) ar NPP			45,495		37,611
Iarmhéid an chláir ag tús na bliana			<u>37,611</u>		<u>0</u>
Iarmhéid an chláir ag deireadh na bliana			<u><u>83,106</u></u>		<u><u>37,611</u></u>

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta agus nótaí 1-12.

Paddy McGuinness:
Cathaoirleach



Raymond McGreal (CEO)
Comhalta an Choimisiúin





RÁITEAS AR GHNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA


	2011 €	2010 €
Barrachas/(Easnamh) don bhliain	117,808	141,406
Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ag eascairt as dliteanais na Scéime	185,000	181,000
Caillteanais ag eascairt de bharr athruithe ar thoimhdí	0	0
Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha ar dhliteanais phinsin	185,000	181,000
Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha pinsin	(185,000)	(181,000)
Gnóthachain/(caillteanais) aitheanta iomlána don bhliain	117,808	141,406

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta agus nótaí 1-12.

Paddy McGuinness:
Cathaoirleach



Raymond McGreal (CEO)
Comhalta an Choimisiúin




CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN 3^U NOLLAIG 2011

	NÓTAÍ	2011 €	2010 €
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Sócmhainní Inláimhsithe	4	13,145	14,183
SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS	5	21,425,875	21,446,796
		<u>21,439,020</u>	<u>21,460,979</u>
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Cuntas Reatha Bainc		282,695	18,691
Féichiúnaithe	6	263,603	338,495
		<u>546,298</u>	<u>357,186</u>
DLITEANAIS REATHA			
Creidiúnaithe	7	(127,906)	(102,099)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		<u>418,391</u>	<u>255,087</u>
Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanaís Reatha roimh Phinsin		21,857,411	21,716,066
Maoiniú larchurtha Pinsin		2,100,000	2,000,000
Dlitéanaís Phinsin		(2,100,000)	(2,000,000)
Sócmhainní Iomlána lúide Dlitéanaís Reatha		<u><u>21,857,411</u></u>	<u><u>21,716,066</u></u>
ARNA MHAOINIÚ AG:			
Ciste Infheistíochta		21,425,877	21,446,796
An Clár Forimill Thuaidh (NPP)		83,106	37,611
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		335,284	217,476
Cuntas Caipitil	8	13,145	14,183
		<u><u>21,857,411</u></u>	<u><u>21,716,066</u></u>

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta agus nótaí 1-12.

Paddy McGuinness:
Cathaoirleach



Raymond McGreal (CEO)
Comhalta an Choimisiúin




RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID AMHAIL AN 3^U NOLLAIG 2011

RÉITEACH AN BHARRACHAIS/(EASNAIMH) CHUIG SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN

	2011	2010
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain (lena n-áirítear an NPP)	163,304	179,017
Dímheas	11,387	16,312
Caillteanas/(Brabús) ar dhiúscairt sócmhainní	100	(133)
Aistriú chuig Cuntas Caipitil	(1,038)	(7,173)
Laghdú/(Méadú) ar Réamhíocaíochtaí	74,892	(255,081)
Méadú/(Laghdú) ar Chreidiúnaithe agus Fabhruithe	25,807	(23,325)

(INSREABHADH)/EIS-SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN - 274,452 (90,383)

CAIPITEAL

Cistí chun sócmhainní seasta a fháil (10,449) (9,006)

(INSREABHADH)/EIS-SREABHADH GLAN AIRGID 264,003 (99,389)

RÉITEACH GLUAISEACHTAÍ IN IARMHÉIDEANNA AIRGID

	2010	GLUAISEACHT	2011
Cuntas Reatha Baine	18,511	263,504	282,015
Mionairgead	180	500	680
	18,691	264,004	282,695

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

1a. IONCAM Ó DHEONTAIS	NÓTAÍ	2011 €	2011 €	2010 €	2010 €
Deontas Oireachtais *		1,422,558		1,643,116	
		<u>-</u>	1,422,558	<u>-</u>	1,643,116
Deontas an WIF			<u>0</u>		<u>492,000</u>
DEONTAIS OIREACHTAIS			<u><u>1,422,558</u></u>		<u><u>2,135,116</u></u>

* Taispeántar an Deontas Oireachtais glan ar ranníocaíochtaí pinsin.

1b. IONCAM EILE	NOTE	2011 €	2011 €	2010 €	2010 €
Ioncam Éagsúla			2,942		1,974
Rannaíocaíochtaí chuig WRBN					
Dún na nGall			5,000		0
Gaillimh			5,000		0
Maigh Eo			5,000		0
Sligeach			5,000		0
Ros Comáin			5,000		0
Liatroim			<u>2,500</u>		<u>0</u>
			<u><u>30,442</u></u>		<u><u>1,974</u></u>

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

2a. COSTAIS OIBRIÚCHÁIN	NÓTAÍ	2011 €	2010 €
Tuarastail (lena n-áirítear ÁSPC na bhfostóirí)	2e	712,047	740,454
Taisteal agus Cothú – an Fhoireann		45,732	58,094
Costais Phinsin	10c	274,241	250,221
Oiliúint agus Forbairt		3,045	5,994
Caidreamh Poiblí (feachtas LookWest san áireamh)		11,290	23,793
Táillí Gairmiúla (feachtas LookWest san áireamh)		68,922	131,487
Táillí Gairmiúla – Ciste Infheistíochta an Iarthair		14,723	42,150
Comhaltaí an Bhoird			
Taisteal agus Cothú	2c	15,057	14,567
Táillí	2c	54,053	74,813
Cruinnithe agus Seimineáir		21,282	21,857
Fochoistí an Bhoird/Painéil Chomhairleacha			
Taisteal agus Cothú		993	323
Priontáil agus Dearadh		19,702	7,665
Speansais Oifige		19,193	25,739
Solas agus Teas		6,575	5,915
Deisiúcháin agus Cothabháil		38,931	42,224
Árachas		7,155	8,468
Táille Iniúchta		10,810	10,810
Cuntasaíocht agus Iniúchadh Inmheánach		11,500	11,452
Fógraíocht, Margaíocht agus Suibscríbhinní (feachtas LookWest san áireamh)		22,179	37,578
Teileachumarsáid		17,568	20,298
Dímheas	4	11,387	16,312
Speansais Éagsúla		3,745	3,776
(Brabús)/Caillteanas ar Dhiúscairtí		100	(133)
		1,390,230	1,553,857

2b. COSTAIS OIBRIÚCHÁIN - CLÁR FORIMILL THUAIDH	NÓTAÍ	2011 €	2010 €
Taisteal agus Cothú – an Fhoireann		18,364	25,437
Taisteal agus Cothú – an Bord		212	637
Táillí Gairmiúla		307,641	295,680
Cruinnithe agus Comhdhálacha		10,197	11,386
Cothabháil TF		26	0
Pánna agus Tuarastail		108,000	126,531
Cur chun Cinn agus Foilseacháin		3,775	0
Speansais Oifige		196	429
Cur Chuige Réigiúnach le hÍocaíochtaí Comhpháirtithe i leith Réiteach Fuinnimh In-athnuaite a Spreagadh		202,556	0
		650,968	460,100

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

2c. TÁILLÍ AGUS SPEANSAIS CHOMHALTAÍ AN BHOIRD	2011 Táillí €	2011 Taisteal & Cothú €	2010 Táillí €	2010 Taisteal & Cothú €
An tOllamh Séamus Caulfield	499	171	5,985	595
An tUasal Jim Devenney	5,611	1,472	5,985	1,815
An tUasal Mary Devine O'Callaghan	5,611	183	5,985	105
An tUasal Michael Farrell	748	684	8,978	1,766
An tUasal Pat Gilmore	499	76	5,985	544
An Comh. Mary Hoade	5,611	1,790	5,985	2,027
An tUasal Jackie Maguire	0	669	5,985	257
An tUasal Martina Minogue	5,611	1,078	5,985	1,395
An tUasal Diarmaid Mulcahy	499	0	5,985	606
An tUasal Paraic Ó Caomhánaigh	499	114	5,985	798
An tUasal Helen Rochford Brennan	8,417	2,232	5,985	905
An Dr Katie Sweeney	0	1,022	5,985	931
An tUasal Neville Bagnall	5,112	0	0	0
An tUasal Pádraig Ó hAoláin	5,112	1,056	0	0
An Dr Seosamh Ó Ceallaigh	0	1,705	0	0
An tUasal Gerry O'Connor	5,112	373	0	0
An tUasal Vincent Roche	5,112	1,132	0	0
	54,053	13,757	74,813	11,744

2d. TUARASTAL AN PHRÍOMHOIFIGH FEIDHMIÚCHÁIN 2011

Socraítear scála tuarastail na bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin ag leibhéal an Phríomhoifigigh (Ard) sa Státseirbhís. Ní oibríonn Coimisiún Forbartha an Iarthair scéim dhámhachtaí i gcoibhneas le feidhmíocht agus áirítear sochar aoisliúntais sa scála tuarastail. Níor íocadh aon íocaíochtaí bónais leis na Príomhoifigigh Feidhmiúcháin.

	2011 Tuarastail €	2011 Taisteal & Cothú €	2010 Tuarastail €	2010 Taisteal & Cothú €
An tUasal Ian Brannigan (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin gníomhach & Bainisteoir Forbartha Réigiúnaí) 13 Meán Fómhair – 31 Nollaig	27,535	3,789	0	0
An tUasal Gillian Buckley (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin gníomhach agus Bainisteoir Infheistíochta) 21 Aibreán – 31 Lúnasa	35,982	1,863	26,558	2,017
An tUasal Lisa McAllister	0	0	75,187	3,099

D'éirigh Gillian Buckley as a bheith ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Choimisiún Forbartha an Iarthair an 31 Lúnasa 2011. Is gnáthchomhaltaí de scéim aoisliúntais Choimisiún Forbartha an Iarthair iad Ian Brannigan agus Gillian Buckley agus ní sháraíonn a gcuid teidlíochtaí pinsin na gnáth-theidlíochtaí i scéim aoisliúntais le sochar sainithe na hearnála poiblí.

2e. PENSION LEVY

In 2011 baineadh €41,721 ó bhaill foirne chun íoc as an tobhach pinsin (2010: €52,832) agus íocadh an tsuim sin leis an An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

3. ÁITRIBH

Tá Coimisiún Forbartha an Iarthair lonnaithe i dTeach Dillon, foirgneamh le Comhairle Contae Ros Comáin agus atá faoi bhainistíocht Oifig na nOibreacha Poiblí. Ní áirítear foráil a bith sna cuntais maidir le cíós.

4. SÓCMHAINNÍ SEASTA

	2011 €	2010 €
Costas/Luacháil amhail an 1 Eanáir	162,996	160,496
Breiseanna sa Bhliain	10,449	9,206
Diúscairtí	(8,999)	(6,706)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	164,446	162,996
Dímheas Carntha	148,813	139,140
Muirear don tréimhse	11,387	16,312
Diúscairtí	(8,899)	(6,639)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	151,301	148,813
Glanluach Leabhar amhail an 31 Nollaig	13,145	14,183

Is éard atá i Sócmhainní Seasta Daingneáin agus Feistis, Glanluach Leabhar €4,751 (2010: €7,392) agus Trealamh Ríomhaire Glanluach Leabhar €8,394 (2010: €6,791)

5a. SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

NÓTAÍ

		2011 €	2010 €
Infheistíochtaí Cothromais	5b	9,802,843	12,008,712
Iasachtaí	5b	7,260,165	8,630,471
Ioncam táille		186,612	130,630
Iarmhéid ar fáil le haghaidh athinfheistíochta		4,176,255	676,983
		21,425,875	21,446,796

5b. INFHEISTÍOCHTAÍ COTHROMAIS AGUS IASACHTAÍ

	2011 €	2010 €
Costas		
Luach Tosaigh amhail an 1 Eanáir	28,887,434	28,591,454
Breiseanna	684,882	765,660
Diúscairtí/Aisíocaíochtaí/Díscríobh	(5,903,960)	(469,680)
Costas Deiridh amhail an 31 Nollaig	23,668,356	28,887,434
Soláthar le haghaidh Laghdú ar Luach/Athluachálacha		
Iarmhéid Tosaigh amhail an 1 Eanáir	8,248,251	8,648,387
Gluaiseacht i Soláthar/Athluachálacha	(1,642,904)	(400,136)
Iarmhéid Deiridh	6,605,347	8,248,251
Luacháil Deiridh amhail an 31 Nollaig	17,063,009	20,639,183
Cothromas	9,802,843	12,008,712
Iasachtaí	7,260,165	8,630,471
	17,063,009	20,639,183

San áireamh san fhigiúr €9,802,843 i gcomhair Infheistíochtaí Cothromais, tá €1,994,700 d'infheistíochtaí a rinneadh a luacháil ag an luach cóir. Is iad na figiúirí inchomparáide in 2010 €12,008,712 agus €765,000 faoi seach.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

6. FÉICHIÚNAITHE

	2011 €	2010 €
Réamhíocaíochtaí	3,560	1,179
Féichiúnaithe	15,000	0
Deontas NPP Infhaighte	245,043	337,316
	<u>263,603</u>	<u>338,495</u>

7. CREIDIÚNAITHE

	2011 €	2010 €
Fabhruithe	127,906	102,099
	<u>127,906</u>	<u>102,099</u>

8. CUNTAS CAIPITIL

	2011 €	2011 €	2010 €	2010 €
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		14,183		21,356
Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:				
Cistí leithdháilte le Sócmhainní Seasta a fháil	10,449		9,006	
Suim a scaoileadh ar dhiúscairt	(100)		133	
Méid amúchta de réir dímhéas sócmhainne	<u>(11,387)</u>		<u>(16,312)</u>	
		(1,038)		(7,173)
		<u>13,145</u>		<u>14,183</u>

Chuir an Coimisiún sócmhainní le haghaidh fáiltais de luach €100 de láimh le linn na bliana agus leithdháileadh €10,449 sa bhreis d'fhonn breiseanna Caipitiúla a fháil.

9. CEANGALTAIS AMACH ANSEO – WIF

	2011	2010
Ceangaltais Tosaigh	304,631	597,525
Ceaduithe	1,485,517	810,000
Dídhílsiú	0	(337,234)
Íocaíochtaí Amach	(684,882)	(765,660)
	<u>1,105,266</u>	<u>304,631</u>

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

10. COSTAIS PHINSIN

a) Scéim Phinsin

Baineann scéimeanna sainithe sochair aoisliúntais le baill foirne Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC). Déantar sochair a mhaoiniú ar bhonn “íoc mar a úsáidtear” agus ní choinnítear aon sócmhainní i leith dhliteanais fhabhráithe phinsin bhaill foirne an WDC. Tá na torthaí a leagtar amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach na ndlíteanas i leith bhaill foirne an WDC amhail an 31 Nollaig 2011. Thug achtúire cáilithe neamhspleách faoin luacháil seo ar mhaithe leis an gcaighdeán cuntasafochta, **Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais Uimhir 17 – Sochair Scoir** (FRS 17).

I measc na bpríomhthoimhdí airgeadais a úsáideadh bhí:

	2011	2010
Ráta Lascaíne	5.50%	5.50%
Ráta Ionchais an Mhéadaithe ar Thuarastal	4.00%	4.00%
Ráta an mhéadaithe ar íocaíocht pinsin	4.00%	4.00%
Boilsciú	2.00%	2.00%

b) Glanmhaoiniú larchurtha um Pinsin sa bhliain

	2011 €	2010 €
Maoiniú inghnóthaithe maidir le costais phinsin na bliana Costais	310,000	290,000
Deontas Stáit a caitheadh le pinsinéirí a íoc	(€25,000)	(€9,000)
	<u>285,000</u>	<u>281,000</u>

c) Anailís ar chostais iomlána phinsin a mhuirearaítear ar chaiteachas

	2011 €	2010 €
Costais Reatha Seirbhíse	€200,000	€190,000
Ús ar Dhliteanais Scéim Pinsean	€110,000	€100,000
Ranníocaíochtaí Fostaithe	(€35,759)	(€39,779)
Muirear Iomlán Oibriúcháin	<u>€274,241</u>	<u>€250,221</u>

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

e) Gluaiseacht i nGlandlíteanas Pinsin le linn na bliana airgeadais

	2011 €	2010 €
Glandlíteanas Scéime Pinsean amhail an 1 Eanáir	2,000,000	1,900,000
Costas reatha seirbhíse	200,000	190,000
Costas úis	110,000	100,000
(Gnóthachan)/caillteanas achtúireach	(185,000)	(181,000)
Sochair a íocadh sa bhliain	(25,000)	(9,000)
Glandlíteanas Pinsin amhail an 31 Nollaig	2,100,000	2,000,000

f) Stair na ndlíteanas scéime agus caillteanais/(gnóthachain)

	2011 €	2010 €	2009 €	2008 €
Glandlíteanas Pinsin amhail an 31 Nollaig				
Suim	€2,100,000	€2,000,000	€1,900,000	€1,500,000
Caillteanais/(gnóthachain) ó thaithí ar dhlíteanais scéime				
Suim	(€185,000)	(€181,000)	€20,000	€255,000
Céatadán luacha láithrigh na ndlíteanas scéime	(9%)	(9%)	1%	(17%)
An tsuim iomlán aitheanta sa Ráiteas ar ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána				
Léiríonn an maoiniú iarchurtha pinsin an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil i dtréimhsí amach anseo	(€185,000)	€181,000	€118,000	(€255,000)
Céatadán luacha láithrigh na ndlíteanas scéime	(9%)	(9%)	6%	17%

g) Meánionchas saoil de réir na dtáblaí básmhaireachta a úsáidtear leis na dlíteanais phinsin a shocrú

	2011 €	2010 €
Meánionchas saoil a úsáidtear le dlíteanais a shocrú		
Fear in aois 65	22	22
Bean in aois 65	25	25




11. LEASANNA CHOMHALTAÍ AN CHOIMISIÚIN

Ghlac an Coimisiún nósanna imeachta de réir an Chóid Chleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit i ndáil le nochthead leasanna ag comhaltaí an Choimisiúin, agus cloíodh leis na nósanna imeachta le linn na bliana.


12. CEADÚ AN BHOIRD

Cheadaigh Bord Choimisiún Forbartha an Iarthair na Ráitis Airgeadais seo an 10 Nollaig 2013





GIORRÚCHÁIN



GIORRÚCHÁIN

WDC	Coimisiún Forbartha an Iarthair
NDP	An Plean Forbartha Náisiúnta
ICT	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
SMEanna	Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide
CSO	An Phríomh-Oifig Staidrimh
NIRSA	An Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil
CER	An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh
NSS	Straitéis Spáis Náisiúnta
FTE	Coibhéis Lánaimseartha
INTERREG	Tionscnamh an Aontais Eorpaigh le haghaidh comhoibriú trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach
FAP	Painéal Comhairleach an Chiste
RASLRES	Cur Chuige Réigiúnach le Réitigh Fuinnimh In-athnuaite a Spreagadh
RDP	Rural Development Programme







Coimisiún Forbartha an Iarthair
Teach Diolúin, Bealach an Doirín,
Contae Ros Comáin, Éire.

Guthán: +353 (0) 94 9861441

Facs: +353 (0) 94 9861443

Ríomhphost: info@wdc.ie

Suíomhanna Gréasáin: www.wdc.ie www.LookWest.ie